Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta
*Personal Injuries Assessment Board*

An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

**Tuarascáil Bhliantúil 2016**

# Cinntímid measúnaithe díobhálacha atá cothrom agus follasach

## Cé muid féin...

# Is é an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) comhlacht neamhspleách stáit na hÉireann a dhéanann measúnú ar chúiteamh do dhíobhálacha pearsanta

# An Clár


| | |
|---|---|
| Na Príomh-staitisticí – 2016 | 2 |
| Ráiteas an Chathaoirligh | 4 |
| Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh | 5 |
| Na Nithe a Dhéanaimid | 8 |
| Súilfhéachaint ar an PIAB | 9 |
| Athbhreithniú Oibríochtúil | 10 |
| Cúiteamh a mheas go cóir agus go cruinn | 11 |
| Na costais riaracháin is ísle is féidir a sheachadadh | 14 |
| Cultúr nuálaíochta, ardchaighdeáin agus éifeachtúlachta a chur chun cinn | 15 |
| Seirbhísí custaiméirí den scoth a chur chun cinn | 16 |
| Cuidiú go dearfach le timpeallacht réitigh ar éilimh | 17 |
| Ár nDaoine | 19 |
| Rialachas Corparáideach | 20 |
| Ráitis Airgeadais | 25 |
| Aguisíní | 47 |

## Príomh-staitisticí – 2016

Líon iomlán iarratas

**34,056**

Méadú ar Iarratais *thar* 2015

**+1.5%**


Líon iomlán na ndámhachtainí

**12,966**

Luach na nDámhachtainí

**€315.13m**

Dámhachtainí de réir catagóire




Meándámhachtain

**€24,305**

An Dámhachtain ab Airde

**€740,968**

# Príomh-staitisticí – 2016

Meán-am próiseála

**7.1 Mí**

Seachadadh Costais %

**6.4%**

Scrúduithe Leighis a Socraíodh

**27,910**

Glaonna ar an Ionad Seirbhísí

**52,570**

Cuairteanna ar an láithreán gréasáin

**225,731**

# Ráiteas an Chathaoirligh



Tá córas díobhálacha pearsanta na hÉireann iontach tábhachtach d'fhorbairt shóisialta agus gheilleagrach an Stáit.

Tá sé sin níos tábhachtaí fós i gcás ina gcaithfidh Éire a hiomaíochas idirnáisiúnta a choinneáil agus a mhéadú chun déileáil le coinníollacha maicreacnamaíocha atá ag athrú agus éiginnte. Tá sé sin go fíor ach go háirithe nuair a bhíonn tiománaithe agus gnóthaí faoi bhagairt ag costais arda árachais.

Táimidne sa Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta tiomanta ar ról gníomhach agus forásach a bheith againn sa réiteach ar na cúinsí sin. I rith 2016, d'oibríomar go crua air sin, agus creidimid go mbeidh torthaí dearfacha ar an dul chun cinn atá déanta ag an Rialtas agus ag na páirtithe leasmhara go léir i dtaca le cás na gcostas árachais.

Bliain ghnóthach a bhí sa bhliain seo caite ina ndearna an PIAB dul chun cinn leanúnach. Lean ár bhfoireann ardoilte de bheith ag próiseáil éileamh go héifeachtúil agus go pras. Lean an eagraíocht de bheith ag maoiniú a hoibríochtaí, ag coinneáil na gcostas foriomlán próiseála ag leibhéil nach raibh chomh híseal riamh. Ritear an PIAB ar bhealach stuama agus éifeachtúil, gan aon ghá le maoiniú ón Státchiste. Eagraíocht sinn atá faoi úinéireacht iomlán ag an Stát agus oibrímid ar mhaithe leis an Stáit agus lenár gcustaiméirí.

Is mór an chreidiúint dár bPríomhfheidhmeannach, Conor O'Brien, agus do bhainistíocht agus d'fhoireann na heagraíochta an fheidhmíocht láidir airgeadais agus oibríochtúil a bhí ag an PIAB i rith na bliana seo caite. Chinntigh a dtiomantas agus a bhfócas ar ardchaighdeán gur coinníodh eochairtháscairí feidhmíochta agus dualgais reachtúla na heagraíochta go léir agus go bhfuil a cuspóirí straitéiseacha á mbaint amach.

Is mian liom buíochas a ghlacadh le comhaltaí an Bhoird as an gcúnamh ó chroí a thug siad i rith na bliana. Is mian liom buíochas a ghlacadh le Mick Stewart, ar tháinig deireadh lena théarma oifige mar chomhalta Boird i rith 2016.

Ócáid phríomha a tharla i rith na bliana ab ea foilsiú leagan leasaithe den Leabhar Candaim. Seo é an taighde is mionsonraithe agus is cuimsithí a rinneadh go dtí seo ar leibhéil na ndamáistí atáthar a dhamh le haghaidh díobhálacha pearsanta in Éirinn de thoradh timpistí tráchta bóthair, ar an láthair oibre agus dliteanais phoiblí.

Tionscnamh de chuid an PIAB ab ea é agus chuir Uachtarán na hArdchúirte, an Breitheamh Peter Kelly, fáilte roimh a sheoladh. Cuireann sé faisnéis nuashonruithe agus mionsonraithe ar fáil agus tá sé bunaithe ar anailís neamhspleách staitistiúil. Má bhaintear úsáid as go forleathan, cuideoidh sé chun dámhachtainí agus socruithe díobhálacha pearsanta níos intuartha agus níos comhsheasmhaí a chur ar fáil in Éirinn.

Bhí an PIAB sásta a bheith páirteach go gníomhach i nGrúpa Oibre um Costas Árachais na Roinne Airgeadais in 2016 agus d'fháiltigh sé roimh a mholtaí. Tacaímid go láidir leis an obair atá ar siúl ag an gCoimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta agus creidimid go mbeidh tionchar dearfach aige chun an creat cúitimh do dhíobhálacha pearsanta in Éirinn a threisiú.

Is mian liom buíochas a ghlacadh leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Mary Mitchell O'Connor T.D., as a tacaíocht i rith na bliana agus is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl freisin dá hoifigigh as a gcuid oibre i dtaca le reachtaíocht agus rialachas an PIAB.

Tá mé muiníneach go bhfeicfear 2016 sa todhchaí mar bhliain chinniúnach – cuid mhaith ar aon dul le 2003 agus teacht an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta – don fhorbairt agus don neartú ar chóras cúitimh in Éirinn a bheidh cóir agus éifeachtúil.

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2016 a chur i láthair.



**Dermot Divilly**
*Cathaoirleach*

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh



Bliain inar dearnadh seachadadh leanúnach ab ea 2016 don PIAB.

Don 12ú bliain as a chéile, chlúdaíomar ár gcostais ó lá go lá. Mar thoradh ar ár n-oibríocht rinneadh sábháil mhór ar an gcostas a bhaineann le héilimh dhíobhálacha pearsanta a phróiseáil in Éirinn mar gheall nach bhfuil éilimh ag dul tríd an gcóras dlíthíochta.

Is é ráiteas misin an PIAB ná "seachadadh cúitimh a éascú ar bhealach cóir, pras agus follasach chun leasa na sochaí san iomlán".

Leanamar de bheith ag seachadadh de réir an mhisin sin i rith 2016:

- Rinneamar bainistiú ar 34,056 agus bronnadh 12,966 dámhachtain foirmiúil;
- Bhaineamar amach meántréimhse ama 7.1 mí amach le héilimh a phróiseáil - go mór faoi bhun na hamlíne reachtúil de 9 mí agus ar chostas de 6.4% de na dámhachtainí ar glacadh leo; agus
- Bhronnamar cúiteamh iomlán de €315.13 milliún ar íospartaigh timpiste.

Lena chois sin, sheasamar le dualgais reachtúla na heagraíochta agus le dul chun cinn leanúnach ár gcuspóirí straitéiseacha. Níos deireanaí sa Tuarascáil tá mionsonraí tugtha againn ar ár ndul chun cinn i leith na gcuspóirí straitéiseach sin, ach anseo thíos tá eolas imlíneach tugtha agam faoi chuid de na pointí ba thábhachtaí i rith na bliana.

## Ag freastal ar ár gcustaiméirí

I rith 2016, lean PIAB de bheith ag déanamh dul chun cinn suntasach i dtaca le chúram lárnach a bheith ag measúnú éileamh ar bhealach tráthúil, éifeachtúil agus cost-éifeachtúil, agus de bheith ag cur seirbhís ardchaighdeáin agus iontaofa ar fáil dá chustaiméirí agus dá pháirtithe leasmhara.

- Áirithe i measc ár gcustaiméirí tá *éilitheoirí* ar tharla gortuithe dóibh i dtimpistí ar an mbóthar, ar an láthair oibre nó in áiteanna poiblí. Is féidir difríocht shuntasach a bheith idir déine na ngortuithe sin – ó chinn a mbíonn sé de thoradh ar an gcóir leighis go mbíonn daoine ar ais ar a seanléim sláinte in achar beag ama go dtí cinn eile ina mbíonn gortuithe fíordhona i gceist a chuireann athrú ar a saol. Bímidne san PIAB ag iarradh go dtiocfadh biseach iomlán ar aon duine ar tharla gortú dóibh agus go ndéanfaidís dul chun cinn maith lena gcóireáil leighis.
- Áirithe i measc ár gcustaiméirí freisin tá na *freagróirí* sna héilimh (na daoine nó na heagraíochtaí sin a ndeir an t-éilitheoir gurb iad atá faoi dhliteanas nó freagrach as an timpiste sin). Ar aon dul leis na héilitheoirí, bíonn gá ag na freagróirí linn freisin chun faisnéis shoiléir a chur ar fáil dóibh a bheidh siad in ann a úsáid chun cinntí a dhéanamh i dtaca leis an bpróiseas, bíodh nó ná bíodh siad toilteanach go ndéanfaimis measúnú ar an éileamh.
- An tríú grúpa lárnach custaiméirí agus páirtithe leasmhara is ea *sochaí na hÉireann – tiománaithe agus lucht gnó*, agus gach duine a íocann préimheanna árachais, go díreach nó go hindíreach. Bíonn siad ag brath ar an PIAB chun malairt córais neamhsháraíochta a chur ar fáil, rud a chiallaíonn gur féidir le daoine an mhoill ama agus, go minic, na costais arda dlíthíochta a bhaineann le cúiteamh ar ghortú.

## Mhórthionscnaimh

Áirithe ar na mórthionscnaimh laistigh den PIAB a tharla i rith 2016 bhí Athbhreithniú Próiseas a bhreathnaigh ar fheabhsúcháin ar an mbealach a láimhsíonn an PIAB cásanna, rud a ardóidh an éifeachtúlacht le leas a dhéanamh dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara go léir.

Mar chuid den obair sin rinneadh anailís mhionsonraithe ar na próisis reatha, na Córais Fhaisnéis Bhainistíochta, Teicneolaíocht Faisnéise

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

agus Ríomhairí, agus athruithe a d'fhéadfadh ár bpróisis ó thaobh na n-úsáideoirí de.

Cuireadh tús leis an tionscadal chun tairseach gréasáin a fhorbairt in 2016 agus cuirfear bailchríoch air sin in 2017 le córais thiomnaithe gréasánbhunaithe d'éilitheoirí, gairmithe dlí agus leighis, agus árachóirí, chun doiciméid a uaslódáil agus a rochtain agus chun eolas beo a fheiceáil i dtaca le dul chun cinn na n-éileamh.

Gheobhaidh úsáideoirí na dtairseach gréasáin forbhreathnú ar na héilimh faoi seach a cuireadh isteach, nó ar chomhfhreagras agus foirmeacha, agus beidh siad in ann doiciméad a uaslódáil agus a íoslódáil go tapa agus go héasca i bhfíor-am. Déanfar laghdú ar stóras agus ar riarachán doiciméad páipéir i gcomhar le héifeachtúlacht fheabhsaithe.

## Grúpa Oibre um Chostais Árachais

Forbairt iontach dearfach agus tábhachtach a rinneadh i rith 2016 ab ea bunú an Ghrúpa Oibre um Chostais Árachais, faoi chathaoirleacht an Aire Stáit tairseach gréasáin, a rinne an Roinn Airgeadais, agus thug siad sin faoi athbhreithniú ar na fachtóirí a bhfuil tionchar acu ar ardú costais an mhótarárachais. Chuir siad torthaí eatramhacha ar fáil i rith 2016 agus chuir siad a dTuarascáil Dheiridh ar fáil go luath in 2017. Bhí páirt ghníomhach ag an PIAB sa ghrúpa agus thacaigh a dtuarascáil lenár múnla.

Chuireamar fáilte roimh chinntí na tuarascála agus na gníomhaíochtaí a moladh. Thacaigh an tuarascáil leis an múnla ísealchostais, éifeachtúil agus neamhsháraíochta atá á oibriú ag an PIAB.

Bhíomar an-sásta oibriú leis an Comhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach. Reáchtáil an Coiste éisteachtaí mionsonraithe i dtaca le costas an mhótarárachais, agus chuir réimse leathan de pháirtithe leasmhara eolas ar fáil don Choiste, an PIAB san áireamh. D'aithin tuarascáil an Choiste a lán réimsí úsáideacha ina bhféadfaí bearta a dhéanamh i dtaca le costais árachais. Thacaigh sé go láidir le faisnéis níos follasaí a chur ar fáil i réimse na n-éileamh agus na socruithe árachais.

## An Leabhar Candaim

I nDeireadh Fómhair, d'fhoilsíomar an taighde is cuimsithí agus is mionsonraithe a rinneadh go dtí seo ar leibhéil na ndamáistí atáthar a dhamh le haghaidh díobhálacha pearsanta in Éirinn de thoradh timpistí tráchta bóthair, ar an láthair oibre agus dliteanais phoiblí.

An aidhm atá leis an bhfoilseachán ná léiriú a thabhairt ar na gnáthleibhéil reatha cúitimh in éilimh ar dhíobhálacha pearsanta ar fud an mhargaidh ina iomláine. Léiríonn na figiúirí na gnáthleibhéil reatha mar atá siad. Dá réir sin, tríd na sonraí seo a chomhthiomsú agus a fhoilsiú ba chóir go mbeadh tionchar cobhsaitheach ar leibhéil na ndámhachtainí. Má ghlacann na páirtithe go léir atá ag déileáil le héilimh dhíobhálacha pearsanta leis na treoirlínte, ba chóir go gcinnteofaí go mbeidh leibhéal na ndamáistí níos intuartha agus go mbeidís comhsheasmhach ar fud an chórais chúitimh gortuithe.

Chuir an Breitheamh Peter Kelly, Uachtarán na hArdchúirte, fáilte roimh an bhfoilsiú agus dúirt sé: Cuirfidh an Leabhar Candaim nua sonraí tábhachtacha ar fáil dóibh sin ar fad a bhíonn ag bronnadh dámhachtainí nó ag aontú socruithe i gcásanna gortuithe pearsanta."

Cuirfear tús leis an obair ar tháirgeadh an chéad leasú eile den Leabhar Candaim i rith 2017 agus tá sé i gceist go bhfoilseofar leasuithe amach anseo gach dhá bhliain nó trí.

## Comhpháirteachas páirtithe leasmhara

I rith 2016, bhí dlúth-theagmháil againn le réimse leathan de pháirtithe leasmhara lena n-áirítear Árachas na hÉireann, Dlí-Chumann na hÉireann, Comhairle Bharra na hÉireann, an tSeirbhís Chúirteanna, IBEC, Comhdháil na gCeardchumann, Banc Ceannais na hÉireann, RGDATA, Cumann Bróicéirí Gairmiúla na hÉireann, An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann, Cumann Thionscal Mótar na hÉireann, Institiúid na nAchtúirí, Cónaidhm Fíoncheannaithe na hÉireann, ISME, AA Ireland, Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann, agus Comhlachas Tarlú Bóthair na hÉireann. Bhí cruinnithe rialta againn freisin le cuideachtaí árachais aonair agus le baill de na gairmithe dlí agus leighis. Chuir na cruinnithe sin go mór leis an bplé faoin gcostas árachais agus glacaim buíochas leis na comhlachtaí sin agus leis na páirtithe leasmhara eile ar chasamar leo i rith na bliana.

## Feachtais shábháilteachta

San am atá caite, nuair a tháinig fás ar an eacnamaíocht, agus nuair a tháinig laghdú ar an dífhostaíocht agus méadú ar thrácht feithiclí, bhí fianaise ann gur mhéadaigh líon na dtimpistí chomh maith. Mar aon le páirtithe leasmhara eile, creidimid nach mór na fachtóirí sin a dhíchúpláil ó leibhéil na dtimpistí. Taispeánann staitisticí an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta go raibh 187 taisme marfach bóthair in Éirinn anuraidh agus gur maraíodh 45 duine ar an láthair oibre. Tharla drochghortuithe do chuid mhór daoine eile a bhí i dtaismí.

Chomh maith leis na costais a bhaineann le hathshlánúchán agus damáistí, is féidir le taismí athruithe saoil agus iarmhairtí tragóideacha a chur ar dhaoine, ar a dteaghlaigh agus ar an sochaí. Ciallaíonn sé sin nach mór dúinn ar fad breis tuisceana a fháil faoi shábháilteacht san ionad oibre, ar na bóithre agus in áiteanna poiblí. I rith 2016, bhaineamar san PIAB úsáid as ár gcainéil meán sóisialta agus gréasáin chun tacaíocht seasmhach a thabhairt do na feachtais shábháilteachta a bhí ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus the *European Traffic Police Network* (TISPOL), agus leanfaimid dár dtacaíocht in 2017.

## Daoine

Tá daoine ardoilte agus tiomanta againn a bhfuil saineolas acu i raon leathan réimsí atá riachtanach dá n-oibríochtaí. Tá sé tábhachtach a rá nach mbeadh gnóthachtálacha na bliana seo caite indéanta gan an obair chrua agus an fheidhmíocht ardchaighdeáin a rinne siad. Is mian liom buíochas ó chroí a ghlacadh leo as a ndearna siad agus as a dtiomantas.

## Conclúid

Glacaim buíochas le Cathaoirleach PIAB agus le comhaltaí eile an Bhoird as a dtacaíocht agus a n-ionchur i rith na bliana.

Is mian liom freisin mo bhuíochas a cur in iúl don Aire Mary Mitchell O'Connor T.D. agus don fhoireann atá ina Roinn as a dtacaíocht agus a gcabhair i rith na bliana.

Leanfaidh an PIAB dá obair ag measúnú éileamh go tapa, go héifeachtúil agus go cóir i rith na mblianta atá romhainn. Tugaimid ardtacaíocht d'obair an Ghrúpa Oibre um Costas Árachais na Roinne Airgeadais agus an Coimisiúin um Dhíobhálacha Pearsanta (PI) agus tá dlúthbhaint againn lena gcuid oibre. De réir mar a chuirfear moltaí an Ghrúpa Oibre i bhfeidhm agus go háirithe le teacht an PIC, creidimid go ndéanfar dul chun cinn a rachaidh chun tairbhe do shealbhóirí polasaithe, gnólachtaí agus tomhaltóirí.



**Conor O'Brien**
*Príomhfheidhmeannach*

## Na Nithe a Dhéanaimid

Déanaimid éascaíocht ar phróiseas measúnachta díobhálacha pearsanta atá **cóir agus follasach** ina réitítear éilimh ar **chostas íseal seachadta** agus ar bhealach **tráthúil agus neamhsháraíochta**.

**Déileálaimid leis na dreamanna agus na páirtithe leasmhara go léir** sa phróiseas réitithe éileamh ar bhealach furasta agus éifeachtúil.

Tá ár múnla dearfach **don sochaí ina iomláine** agus é ag seachadadh cúitimh níos tapúla, ar chostais níos ísle agus le torthaí intuartha.

# Súilfhéachaint ar an PIAB

Is é PIAB an comhlacht neamhspleách Stáit in Éirinn a dhéanann measúnú ar chúiteamh do dhíobhálacha pearsanta ar bhealach tráthúil agus cost-éifeachtúil.

Déanann PIAB measúnú ar chúiteamh i dtaca le díobhálacha pearsanta a dhéantar ar dhaoine i dtimpistí mótair, i dtimpistí ar an láthair oibre agus i dtimpistí dliteanais phoiblí.

Caithfidh gach éileamh i dtaca le díobháil phearsanta a theacht tríd an PIAB, mura socraítear go luath é idir na héilitheoirí agus an lucht árachais/na freagróirí.

Tá measúnacht déanta ag an PIAB ar bhreis agus 100,000 cás ó bunaíodh é in 2004 agus tá breis agus 60% de na héilitheoirí tar éis glacadh lena mheasúnachtaí.

In 2016, ba 7.1 mí an meán-am a thóg measúnacht agus 6.4% de na dámhachtainí ab ea an meánchostas seachadta.

Is féidir éilimh a réiteach trí: socrú díreach idir na páirtithe, measúnacht de chuid an PIAB, nó dlíthíocht. Cinntí cúirte a shocraíonn na damáistí foriomlána ar deireadh thiar agus caomhnaíonn an múnla atá ag an PIAB an ceart bunreachtúil atá ar rochtain ar na cúirteanna.

Gearrtar táille €600 in aghaidh an cháis ar árachóirí/freagróirí as seirbhís an PIAB agus gearrtar €45 ar éilitheoirí. Nuair a thoilleann freagróir glacadh le measúnacht, láimhsítear formhór chásanna an PIAB laistigh de 7 mí. I gcomparáid leis sin, beidh costais cuid mhaith níos airde ar chásanna má théann siad i bhfeighil na dlíthíochta agus d'fhéadfadh riar maith ama breise a bheith i gceist le theacht ar réiteach.

Is féidir le héilitheoirí déileáil leis an PIAB go díreach nó is féidir leo seirbhísí dlíodóra a fháil chun déileáil linn thar a gceann – ach sin ráite is iondúil go gcaithfidh siad íoc as aon chostais dhlíthiúla a bhainfidh leis sin.

Foilsímid eolasach follasach, an t-eolas is cuimsithí atá ar fáil in Éirinn i dtaca le héilimh chun díobháil phearsanta a ghnóthú, an Leabhar Candaim san áireamh.

Le foilsiú na sonraí sin go follasach, agus mar gheall go bhfuil costais éileamh níos intuartha mar thoradh ar a mhúnla, cuidíonn an PIAB chun córas níos éifeachtúla a chur ar fáil in Éirinn i dtaca le cúiteamh ar dhíobhálacha pearsanta.

# Athbhreithniú Oibríochtúil

## Cuspóirí Straitéiseacha an PIAB:

- Measúnú cóir agus cruinn a dhéanamh ar mhéid na teidlíochta cúitimh in éilimh díobhálacha pearsanta laistigh de théarmaí tagartha an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta ar bhealach tráthúil.

- Na costais riaracháin is ísle is féidir a chur chun cinn i dtaca le réiteach na n-éileamh díobhálacha pearsanta.

- Cultúr na nuálaíochta agus an ardchaighdeáin a chur chun cinn, ag cothú eagraíochta éifeachtúil, solúbtha ina bhfuil foireann inspreagtha agus sciliúil agus an úsáid is fearr á bhaint as tionchar na teicneolaíochta.

- Seirbhísí custaiméirí den scoth a chur chun cinn agus a fhorbairt, dírithe ar eolas faoinár seirbhísí a bheith inrochtana don uile dhuine, ag fáil tacaíochta ó phróiseas measúnaithe éileamh a bheidh follasach agus inrochtana agus ó eagraíocht cost-éifeachtúil.

- Leanúint de bheith ag cur go dearfach le timpeallacht athraitheach an réitigh díobhálacha pearsanta in Éirinn trí úsáid níos mó a bhaint as múnla neamhsháraíochta an Bhoird.

# Cúiteamh a mheas go cóir agus go cruinn

Ní mór gach éileamh díobhálacha pearsanta (seachas na heisceachtaí atá leagtha amach *Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003*) a chur faoi bhráid an PIAB, mura socraítear go luath iad idir na héilitheoirí agus na hárachóirí/freagróirí. Is féidir le hiarrthóirí déileáil go díreach leis an PIAB nó is féidir leo iarradh ar thríú páirtí, dlíodóirí san áireamh, a n-éileamh a chur isteach thar a gceann. Is iondúil go gcaithfidh éilitheoirí íoc as aon chostais dlí.

Déanann an PIAB measúnú ar chúiteamh atá iníoctha as díobhálacha pearsanta a fuarthas de thoradh timpiste mótair, ar an láthair oibre nó i ndliteanas poiblí. Ní mór gach cás den chineál sin a chur faoi bhráid an PIAB mura mbeidh siad socraithe níos luaithe idir na páirtithe. Nuair a thoilleann an freagróir (an páirtí a bhfuil an éileamh á dhéanamh ina gcoinne) go ndéanfaidh an PIAB measúnú, déantar an mheasúnú a dhéanamh go pras – laistigh de sheacht mí ar an meán in 2016. In 2016, rinneadh 34,056 iarratas san iomlán ar an PIAB, sin méadú 1.5% ar fhigiúr 2015 ina raibh 33,561 i gceist. Tháinig laghdú ar éilimh mhótair ó 19,812 in 2015 go dtí 19,633 in 2016. Tháinig méadú ar thoirteanna éilimh Dhliteanais Phoiblí (ó 8,906 in 2015 go dtí 9,182 anuraidh) agus méadú ar thoirteanna éilimh Dhliteanais Fhostóirí (ó 4,843 in 2015 go dtí 5,241 in 2016). Nuair a ghlacann an dá pháirtí leis an measúnú, bíonn an cás réitithe gan dul i bhfeighil dlí, agus bíonn dámhachtainí infheidhmithe le dlí mar thoradh air, ar aon dul leis na Cúirteanna. In 2016, bhronn an PIAB 12,966 dámhachtain do chúiteamh ar luach €315.13 milliún.

Is é dámhachtain an PIAB an cúiteamh airgeadais a bhíonn iníoctha le duine aonair a dtarlaíonn díobháil phearsanta dóibh. Áirithe ann tá dhá chineál damáiste. Is iad sin Damáistí Ginearálta don phian agus don fhulaingt a rinne an díobháil, agus Damáistí Speisialta do chaillteanas airgid - go dtí seo agus isteach sa todhchaí m.sh. caillteanas tuarastail, costas cúram leighis etc. Baineann sonraí dámhachtainí sa tuarascáil seo le luach iomlán dámhachtana agus ní dhéantar idirdhealú idir Damáistí Ginearálta agus Damáistí Speisialta.

Déantar Damáistí Ginearálta a mheas bunaithe ar an Leabhar Cainníochtaí, atá mar threoir ar leibhéil chúitimh in Éirinn (ar fáil ar www.injuriesboard.ie) agus a bhfuil ceanglas dlíthiúil ar na Cúirteanna tagairt a dhéanamh dó faoin *Acht um Dhliteanas Sibhialta & Cúirteanna 2004*. I rith na bliana foilsíodh Leabhar Candaim leasaithe.

## Toirteanna agus luachanna dámhachtainí

Bunaíodh an PIAB in 2004 agus bhronn sé a chéad dhámhachtainí in 2005. I dTábla 1.1 leagtar amach líon agus luach na ndámhachtainí a bronnadh gach bliain ó 2006.

**Tábla 1.1 Toirteanna agus Luachanna Dámhachtainí de réir Bliana**

| | Líon na nDámhachtainí | Luach na nDámhachtainí |
|---|---:|---:|
| 2016 | 12,966 | €315.13m |
| 2015 | 11,734 | €268.45m |
| 2014 | 12,420 | €281.21m |
| 2013 | 10,656 | €243.46m |
| 2012 | 10,136 | €217.94m |
| 2011 | 9,833 | €209.83m |
| 2010 | 8,380 | €186.63m |
| 2009 | 8,643 | €200.22m |
| 2008 | 8,845 | €217.16m |
| 2007 | 8,208 | €181.04m |
| 2006 | 5,573 | €115.28m |
| **Iomlán** | **107,394** | **€2,436.35m** |

**Fíor 1.1 Miondealú ar Dhámhachtainí 2016 de réir Catagóire**

| | % | Airde | Meán-luach |
|---|---:|---:|---:|
| Dliteanas Mótair | 74% | 9,564 | €22,454 |
| Dliteanas Fostóirí | 9% | 1,158 | €35,159 |
| Dliteanas Poiblí | 17% | 2,244 | €26,592 |

# Cúiteamh a mheas go cóir agus go cruinn

## Luach na nDámhachtainí de réir Catagóire

**Fíor 1.2 Luach na Meándámhachtainí de réir Catagóire**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| Dliteanas Mótair | €22,454 | €21,470 |
| Dliteanas Fostóirí | €35,159 | €31,267 |
| Dliteanas Poiblí | €26,592 | €25,213 |
| Meán móriomlán | **€24,305** | €22,878 |

Léiríonn Fíor 1.2 meánluach na ndámhachtainí de réir gach ceann de na catagóirí in 2016 i.e. Dliteanas Mótair, Dliteanas Fostóra agus Dliteanas Poiblí. €24,305 ab ea an meándámhachtain. D'fhéadfadh líon na gcásanna i ngach catagóir a bheith éagsúil ó bhliain go bliain, ag léiriú na n-athruithe sa timpeallacht eacnamaíoch agus sreabhadh na n-éileamh nua. Tá athruithe ar thoirt na n-éileamh, ar chatagóir agus ar dhéine a bheith mar bhonn le héagsúlacht ar an meándámhachtain. Tháinig méadú ar an meándámhachtain in 2016 i gcomparáid le figiúr na bliana roimhe sin.

I rith 2016, agus ar aon dul le blianta roimhe sin, bhí na meándámhachtainí sa chatagóir Dliteanais Fhostóra níos airde ná mar a bhí i gcatagóirí eile, rud a léiríonn go mbíonn nádúr na ndíobhálacha a fhaightear i dtimpistí ag an ionad oibre níos tromchúisí agus níos casta go minic.

## An Réimse Dámhachtainí

€740,968 ab ea an Dámhachtain ab airde in 2016.

Bhí os cionn leath de dhámhachtainí iomlána an PIAB in 2016 faoi bhun €20,000 (6,886 cás).

Bhí tromlach mór (88%) na ndámhachtainí do dhíobhálacha pearsanta in 2016 faoi bhun €38,000 i luach dámhachtana.

Bhí dámhachtainí de bhreis ar €100,000 i gceist le 114 éileamh, mar atá taispeánta i dTábla 1.2.

**Table 1.2 Breakdown of Total No. of Awards in 2016 (by Value and Claim Category)**

| Catagóir Meánluacha (€) | Dliteanas Mótair | Dliteanas Fostóra | Dliteanas Poiblí | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| **<20k** | 5,502 | 419 | 965 | **6,886** |
| **20-38k** | 3,197 | 449 | 868 | **4,514** |
| **38-100k** | 801 | 262 | 389 | **1,452** |
| **>100k** | 64 | 28 | 22 | **114** |
| **Ar Fad** | 9,564 | 1,158 | 2,244 | **12,966** |

**Tábla 1.3**

| **BAILE ÁTHA CLIATH** | **Meándámhachtain 2016** |
|---|---|
| **Dliteanas Mótair** | €20,631 |
| **Dliteanas Fostóra** | €31,384 |
| **Dliteanas Poiblí** | €24,048 |
| **AN CHUID EILE DE LAIGHIN** | **Meándámhachtain 2016** |
| **Dliteanas Mótair** | €23,937 |
| **Dliteanas Fostóra** | €38,446 |
| **Dliteanas Poiblí** | €29,311 |
| **CONNACHT/ULADH** | **Meándámhachtain 2016** |
| **Dliteanas Mótair** | €25,024 |
| **Dliteanas Fostóra** | €37,882 |
| **Dliteanas Poiblí** | €29,574 |
| **MUMHA** | **Meándámhachtain 2016** |
| **Dliteanas Mótair** | €22,069 |
| **Dliteanas Fostóra** | €34,219 |
| **Dliteanas Poiblí** | €26,678 |

# Cúiteamh a mheas go cóir agus go cruinn

## Meándámhachtain de réir Réigiúin/Catagóire

Taispeánann Tábla 1.3 agus na táblaí atá in aguisíní na tuarascála seo mionsonraí na meándhamhachtainí de réir catagóire ar bhunús réigiúnach. Is iondúil go mbíonn luach níos airde ar dhámhachtainí ó dhliteanas fostóra mar gheall ar nádúr na ngortuithe a tharlaíonn i dtimpistí ar an láthair oibre. Tá na hathruithe réigiúnacha léirithe sa nádúr ar leith atá sna timpistí atá i gceist. Is féidir anailís mhionsonraithe ar na dámhachtainí de réir réigiúin agus contae a fháil san Aguisín.

## Amlíne Measúnaithe

Tá sé dlite ar an PIAB, faoina Acht 2003, measúnú a dhéanamh ar éilimh laistigh de 9 mí ón am a dtoilleann an freagróir (iad sin a fhreagraíonn éilimh – árachóirí den chuid is mó ag feidhmiú thar cheann thar cheann na sealbhóirí polasaí) glacadh leis an bpróiseas measúnaithe. Tá cúinsí eisceachtúla ann inar féidir fad a chur leis an teorainn 9 mí. Taispeánann na torthaí don PIAB in 2016 gur 7.1 mí an meán-am a bhí i gceist ón Dáta Toilithe go dtí Dáta na Dámhachtana.

# Na costais riaracháin is ísle is féidir a sheachadadh

Arís eile, d'fheidhmigh an eagraíocht in 2016 gan aon chostas a bheith ar an Státchiste. Ní tharraingíonn sí anuas cistí agus lena chois sin cuireann sí go suntasach leis an ngeilleagar i dtéarmaí cánacha, trí earraí agus seirbhísí a cheannach trí sholáthar poiblí. Faightear ioncam an PIAB as na táillí a ghearrann sé, ar fhreagróirí go príomha (nó a n-árachóirí) agus táille mheasartha iarratas a chuirtear ar éilitheoirí. Is iad na táillí reatha ná €600 ar fhreagróirí agus €45 ar éilitheoirí, agus tá siad sin leagtha síos de réir dlí.

## Fócas ar Éifeachtúlacht

Bhí fócas leanúnach in 2016 ar luach ar airgead a bhaint amach sna soláthairtí agus sna seirbhísí a fuair an PIAB. Baineadh úsáid as tairiscintí iomaíocha agus conarthaí an Rialtais Láir chun sábhálacha agus éifeachtúlachtaí a bhaint amach.

## Coigilteas Costais

In 2016, sheachaid an PIAB an leibhéal reatha cúitimh ar chostas seachadta 6.4%. Níl ár gcostais sheachadta bunaithe ar chéatadán de mhéid na dámhachtana ach is táillí seasta den chuid is mó iad. Laghdú é seo ar fhigiúr na bliana roimhe sin a bhí ag 6.5%.

Dá mhéad cásanna is féidir a phróiseáil trí mhúnla ísealchostais an PIAB is ea is mó tionchair ar chostais fhoriomlána éileamh, nithe a chuireann le leibhéil phréimheanna árachais. D'aithin Grúpa Oibre um Costas Árachais na Roinne Airgeadais an méid sin mar a tagraíodh níos luaithe.

In 2016, ghlac custaiméirí an PIAB (éilitheoirí agus freagróirí) le 7,071 dámhachtain mar atá taispeánta i dTábla 2.1 thíos.

## Athbhreithniú ar Úsáid Fuinnimh in 2016

Táimid, mar ghníomhaireacht earnála poiblí, tiomanta go hiomlán dár ról i mbaint amach spriocanna éifeachtúlachta (laghdaithe) fuinnimh, ar ionann iad agus 33% faoi láthair ar fud na hearnála poiblí faoi 2020. Ina leith seo cheap an PIAB Foireann Bainistithe Fuinnimh a d'fhorbair Beartas Fuinnimh, ar glacadh leis in 2011.

## Úsáid Fuinnimh 2016

In 2016, d'ídigh an PIAB 209,950 KWh fuinnimh, úsáid leictreachais san iomlán. Sin méadú 1,700KWh ar an úsáid in 2015.

## Gníomhaíochtaí ar Tugadh Fúthu in 2016

Chuireamar bailchríoch ar phróiseas tairisceana i gcomhar leis an OPW do thionscadal athchóirithe foirgníochta le n-áirítear atógáil agus uasghrádú ar na córais Aeroiriúnaithe agus solais. Beidh coigiltí mar thoradh ar na córais nua uasghrádaithe seo i dtéarmaí éifeachtúlachta fuinnimh.

Leanamar le gníomhaíochtaí ón am roimhe sin lena n-áirítear:

- Clár leanúnach feasachta don fhoireann i dtaca le caomhnú fuinnimh

## Gníomhaíochtaí atá Beartaithe do 2017

In 2017, tá sé i gceist againn bailchríoch a chur ar an tionscadal Athchóirithe Foirgníochta trí:

- An córas Aeroiriúnaithe a fheidhmiú, a atógáil agus a uasghrádú.
- Córas nua soilse a cur isteach agus a uasghrádú
- Cláir leanúnacha feasachta don fhoireann a reáchtáil i dtaca le caomhnú fuinnimh.

**Tábla 2.1 Líon Iomlán agus Luach na nDámhachtainí PIAB ar Glacadh Leo**

| | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na nDámhachtainí ar Glacadh Leo | 7,071 | 6,716 | 7,519 | 6,476 | 6,124 |
| Luach Iomlán na nDámhachtainí ar Glacadh Leo | €168.68m | €151.35m | €165.97m | €142.57m | €127.62m |
| Costais Seachadta Iomlána an PIAB | €10.72m | €9.84m | €11.17m | €10.76m | €11.47m |

# Cultúr nuálaíochta, ardchaighdeáin agus éifeachtúlachta a chur chun cinn

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Is príomhchumasaí é an Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide don PIAB. Is é ár straitéis leanúint ar aghaidh ag infheistiú san ICT chun tacú le hobair na heagraíochta, le riachtanais ár gcustaiméirí agus chun éifeachtúlacht a mhéadú.

Tuigeann an eagraíocht an gá atá le hathbhreithniú leanúnach sa réimse seo. Coinnímid feasacht ar fhorbairt reatha sna réimsí ábhartha ICT lena n-áirítear bainistíocht sonraí, próiseáil sonraí, slándáil agus cosaint sonraí, trí infheistíocht a dhéanamh go leanúnach sa réimse seo.

Mar eagraíocht seirbhíse poiblí, tacaímid le straitéis an rialtais i réimse ríomhsheirbhísí an rialtais agus ríomhthráchtáil, agus nuair is féidir táimid tiomanta úsáid a bhaint as an teicneolaíocht chun cead a thabhairt do dhaoine ár seirbhísí a úsáid trí ardáin ar líne agus trí fhéinseirbhís dhigiteach.

## Infheistíocht

Áirithe san infheistíocht a dhéanaimid sa réimse ICT tá uasghrádú agus athnuachan ar chrua-earraí agus bogearraí, mar aon le húsáid a bhaint as seirbhísí speisialaithe chun cur lenár saineolas intí ar bhealach cost-éifeachtúil agus éifeachtach. Freisin, áirítear oiliúint agus faisnéisiú ann ar fud na heagraíochta i dtaca le topaicí ábhartha teicneolaíochta faisnéise. Ní comhlíontacht amháin atá mar aidhm againn ach an cleachtas is fearr lena chois sin i bhfeidhmiú na teicneolaíochta faisnéise.

## Tairseacha Gréasáin

In 2016, chuireamar bailchríoch ar phróiseas tairisceana chun Forbairt, Feidhmiú agus Tacaíocht a sholáthar ar réiteach ar thairseacha gréasáin. Bronnadh an conradh ar Webfactory. Tabharfaidh réiteach ar thairseacha gréasáin feidhmiúlacht fhéinseirbhíse ar líne dár gcustaiméirí agus do ghrúpaí páirtithe leasmhara ar a n-áirítear éilitheoirí, freagróirí agus an pobal dlí agus leighis. Beidh an tionscadal seo, a cuireadh ar aghaidh go suntasach in 2016, a chur ar fáil go céimneach in 2017.


## Bonneagar TF

Chuireamar tús le heochairthionscadal ár mbonneagar TF a aistriú chuig múnla seirbhíse a bheidh bainistithe go hiomlán i rith 2016. Táthar ag súil go gcuirfear bailchríoch air sin i rith 2017.

Rinne an PIAB tuilleadh infheistíochta i slándáil agus i gcórais mheantóireachta TF i rith na bliana. D'fhostaíomar seirbhísí cuideachta speisialaithe TF a chuidigh leis an PIAB athbhreithniú a chríochnú sa réimse seo agus críochnaíodh roinnt tionscnamh.

## Athbhreithniú Próiseas

In 2016 chríochnaíomar próiseas tairisceana do sholáthar athbhreithnithe ar phróiseas gnó. Bhaineamar úsáid as Creat-chomhaontú a bhunaigh an Oifig um Sholáthar Rialtais. Bronnadh an conradh ar PWC. An aidhm a bhí leis an athbhreithniú ná anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar phróisis reatha an PIAB ó dhearcadh oibríochtúil agus teicniúil de lena n-áireofaí úsáid na teicneolaíochta mar aon le héifeachtúlachtaí agus coigiltí costais a aithint a mbeadh ionchas acu an próiseas agus na nósanna imeachta a fheabhsú i dtaca le seachadadh dhualgais reachtúla an Bhoird faoi reachtaíocht an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta. Cuireadh bailchríoch ar an gcéad athbhreithniú agus tuarascáil in 2016 agus tá sé sceidealaithe tús a chur le staidéar féidearthachta agus feidhmiú na moltaí aontaithe in 2017.



## Saoráidí

Tá an Bord suite ar dhá urlár ag Teach Grain, Halla an Mhalartáin, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24. Tá an t-áitreabh ar léas ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus tá costas an léasa á iompar ag an mBord faoi thionóntacht béil. I rith 2016 bhíomar i dteagmháil leis an OPW i dtaca le soláthar conraitheora chun bailchríoch a chur ar athchóiriú ginearálta ar áitreabh an Bhoird lena n-áirítear uasghrádú agus athnuachan ar an gcóras Aeroiriúnaithe. Chun na hoibreacha athchóirithe sin a éascú chuaigh an Bord le léas gearrthréimhseach ag Ionad Gnó Broomhill, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24. Chuir an OPW bailchríoch ar an obair sholáthair go deireanach in 2016 tráth ar ceapadh an conraitheoir ar éirigh leis. Tá an obair sceidealaithe le bheith críochnaithe in 2017.

# Seirbhísí custaiméirí den scoth a chur chun cinn




Córas riaracháin atá furasta a thuiscint agus páipearbhunaithe is ea múnla an Bhoird, gan aon éisteachtaí ó bhéal ná aon phróisis sháraíochta agus cuirimid cuid mhór tacaíochtaí ar fáil d'éilitheoirí atá ag iarraidh a n-éileamh a láimhseáil iad féin.

Tosaíocht phríomha don PIAB is ea an tseirbhís do chustaiméirí. Tá ár gcomhpháirteachas seachadta trí phearsanra atá san Ionad Seirbhísí duine le duine i gCloich na Coillte, Co. Chorcaí, agus trí ghníomhaíochtaí a bhíonn críochnaithe ag foirne an Ionaid Mheasúnachta i mBaile Átha Cliath. Cuireann Ionad Seirbhíse an PIAB fáil ar:

- Faisnéis agus cabhair mhionsonraithe d'éilitheoirí agus do fhreagróirí ionchasacha chun éilimh a chur chun cinn;
- Treoraíocht agus cabhair mhionsonraithe d'éilitheoirí atá ag comhlánú iarratas; agus
- Deis chun labhairt le pearsanra ar uimhir lóghlao 1890 829 121 ó 8am go dtí 8pm, Luan go hAoine.

Déileálann an tIonad Seirbhísí le Gníomhairí eile freisin, m.sh. Dlíodóirí, Cuideachtaí Árachais, Dochtúirí agus Speisialtóirí.

In 2016, leanamar de bheith ag cur fáil ar phróiseas follasach agus inrochtana do mheasúnú éileamh tríd an Ionad Seirbhísí.

I rith na bliana, láimhseáil an tIonad Seirbhísí 52,570 glao gutháin, 278,134 mír poist, agus 97,897 ríomhphost. Lena chois sin, fuair an tIonad Seirbhísí 10,500 facs agus próiseáladh iad. Shocraigh an tIonad Seirbhísí 27,910 coinne leighis le baill dár bpainéal neamhspleách leighis in 2016 chun tacú le measúnuithe tráthúla.

Cuidíonn an tIonad Seirbhísí le héilitheoirí i dtaca le riachtanais ar leith, m.sh. riachtanais teanga nó eile. Tá an t-aiseolas a fuarthas ó chustaiméirí a rinne teagmháil lenár gcabhairlíne iontach dearfach agus leibhéal ard sástachta taifeadta i suirbhéanna.

De bhreis ar éilimh a rinneadh thar ceann éilitheoirí ag a n-ionadaithe, rinne éilitheoirí 1,805 éileamh go díreach in 2016.

## Láithreán Gréasáin

Is príomhfhócas do rannpháirteachas agus roinnt eolais lenár gcustaiméirí é láithreán gréasáin an PIAB www.injuriesboard.ie. Cuireann an láithreán gné níos dírithe ar an gcustaiméir ar fáil lena n-áirítear roghanna ar líne chun éilimh a chur isteach go díreach. Rinneadh athruithe ar an láithreán i rith 2016 chun an t-eolas atá air a bheith níos inrochtana agus déanfar nuashonrú breise ar an láithreán in 2017.




In 2016, tugadh 225,731 cuairt ar láithreán gréasáin an PIAB.

De réir mar atáimid ag aistriú chuig úsáid níos mó a bhaint as an láithreán gréasáin agus as tairseacha láithreáin, cheana féin tá líon suntasach daoine ag baint úsáide as ár láithreán chun iarratais a dhéanamh. Rinne 858 duine éilimh ar líne ag baint úsáide as ár láithreán gréasáin in 2016.

Déanaimid suirbhé bliantúil ar shampla de chustaiméirí a bhíonn ag déileáil leis an PIAB agus tá torthaí dearfa taispeánta go leanúnach ag na suirbhéanna sin. Lena chois sin, déanaimid taighde margaidh poiblí chun an leibhéil fheasachta atá ann faoin PIAB agus a sheirbhísí.

# Cuidiú go dearfach le timpeallacht réitigh ar éilimh

Sular bunaíodh an PIAB, ní raibh aon rogha ag éilitheoir ar tharla díobháil phearsanta dó/di ach dul tríd an gcóras dlíthíochta leis an éileamh.

Cuireann múnla neamhsháraíochta an PIAB socraíochtaí ar fáil d'éilitheoirí in am atá i bhfad níos sciobtha agus ar chostas atá i bhfad níos ísle ná mar atá le modhanna eile. €10.71 milliún ab ea costais seachadta iomlán an PIAB i rith 2016. Taispeánann sé sin gur dearnadh coigiltí an-suntasacha nuair a chuirtear i gcomparáid é sin le costais a bheadh i gceist sa chóras dlíthíochta do na cásanna sin, dá rachfaí an bealach sin.




## Léargais ar Éilimh agus ar Pholasaithe

Agus sinn ag comhlíonadh ár ndualgas chun dámhachtainí cúitimh a sheachadadh, bailímid cuid mhór sonraí faoi dhíobhálacha agus faoi na cúinsí a bhaineann le timpistí i réimse leathan suíomhanna. Tugann an rochtain ar na sonraí anaithnidithe seo léargas tábhachtach dúinn ar na cineálacha díobhálacha a tharlaíonn do dhaoine agus faoi nádúr na dtimpistí ina mbíonn siad.

Is féidir leis an eolas staitistiúil seo a bheith an-úsáideach ach go háirithe dóibh sin atá freagrach as bainistíocht riosca agus as cosc timpistí, gníomhaireachtaí eile stáit san áireamh. Is féidir le léargais mar sin a bheith luachmhar freisin don phobal i gcoitinne trína chur ar chumas an PIAB béim a chur ar rioscaí mar aon le léargais a bheidh ag teacht chun cinn i dtaca le bearta agus polasaithe athshlánúcháin. Táimid ag leanúint de bheith ag scrúdú eolais féachaint an féidir linn úsáid a bhaint as na sonraí éileamh chun cosc nó laghdú níos fearr a dhéanamh ar thionchar díobhálacha, i.e. minicíocht nó déine na dtimpistí.

An aidhm atá againn san PIAB ná leanúint de bheith ag cur go dearfach le timpeallacht athraitheach an réitigh díobhálacha pearsanta in Éirinn trí úsáid níos mó a bhaint as múnla neamhsháraíochta an Bhoird.

Déanaimid é sin trí eolas a chur ar fáil go follasach do lucht déanta beartas, rud a chuidíonn leo ina gcuid oibre. Déanaimid é sin freisin trí eolas fíriciúil agus ábhar mínithe a chur ar fáil do dhaoine a bhí bainteach le timpiste agus a bhfuil rogha acu ár múnla a úsáid.

Creideann an PIAB go bhfuil gá le sonraí follasacha faoi chásanna a shocraítear lasmuigh de chóras an PIAB nó na gcúirteanna, chun pictiúr iomlán de na sonraí éileamh a chur ar fáil. Fáiltíonn an PIAB leis an moladh atá déanta ag an nGrúpa Oibre um Chostas Árachais i dtaca leis an gcúinse seo.

## Páirtithe Leasmhara

Cuirimid eolas ar fáil freisin do réimse leathan páirtithe leasmhara ón earnáil ghnó, dlí agus árachais agus ó réimsí tomhaltóirí, mar aon le speisialtóirí acadúla sna réimsí cúitimh díobhálacha agus árachais. Bímid i láthair agus bímid páirteach go gníomhach i gcomhdhálacha agus i seimineáir agus cuirimid fáil ar an léargas atá againn ar réimsí inar féidir feabhsúcháin a dhéanamh. I rith 2016, bhí seastán againn ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, áit ar chuir baill foirne an PIAB eolas ar fáil dóibh sin a bhí i láthair. Bhíomar i láthair freisin agus cruinnithe a bhí ag eagraíochtaí leighis agus ag grúpa ó earnáil an árachais.

I rith 2016, chuireamar faisnéis ar fáil d'eagraíochtaí in earnáil na grósaeireachta, do ghnóthais thionsclaíochta, SMEanna, agus eagraíochtaí i dtionscal na mótar agus an fháilteachais, mar aon le cinn sa réimse sláinte agus sábháilteachta. Rinneamar cur i láthair freisin ag ócáidí lena n-áirítear Comhdháil Ghinearálta Bhliantúil Chumann Bróicéirí Gairmiúla na hÉireann, cruinnithe de Choiste Sláinte agus Sábháilteachta IBEC agus den Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

Bhí teagmháil iontach dearfach againn leis na breithiúna, a bhfuil ról neamhspleách acu i dtaca le breithiúnais i gcásanna a bhaineann le díobháil phearsanta.

Bhí comhpháirtíocht ghníomhach againn le Grúpa Oibre um Costas Árachais na Roinne Airgeadais i rith 2016 agus táimid ag tacú go láidir leis an gCoimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta i rith 2017.

# Cuidiú go dearfach le timpeallacht réitigh ar éilimh



*An Breitheamh Peter Kelly, Uachtarán na hArdchúirte, in éineacht le Conor O'Brien, Príomhfheidhmeannach PIAB, ag seoladh an Leabhair Chandaim leasaithe.*


## An Leabhar Candaim

Chuimsigh an Leabhar leasaithe an taighde a bhí curtha i dtoll a chéile agus foilsithe ag saineolaithe neamhspleácha. Lena fhoilsiú, bhí an PIAB ag comhlíonadh a ról faoi Acht PIAB 2003 agus bhíothas ag cur eolas nuashonraithe ar fáil don phobal agus dóibh sin go léir a dhéanann rochtain, a shocraíonn nó a dhéanann socruithe i dtaca le héilimh do dhíobhálacha pearsanta. Is é an Leabhar leasaithe an bailiúchán sonraí is cuimsithí a foilsíodh go dtí seo sa réimse sin. Bailíodh na sonraí ón Seirbhís Chúirteanna, cuideachtaí árachais, an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus an PIAB.

Ní chuireann an Leabhar méadú ná laghdú ar leibhéil dámhachtainí; cuireann sé na sonraí i láthair ar bhealach follasach. Má bhaintear úsáid as go forleathan, cabhróidh sé chun breis comhsheasmhachta agus follasachta a thabhairt chuig an socrú ar éilimh. Cuirfidh comhsheasmhacht sna héilimh ar chumas na n-árachóirí machnamh cruinn agus foráil a dhéanamh dá ndliteanais sa todhchaí agus beidh siad sin i gcomhar leis na coigiltí ar chostais dhlíthíochta ina mbuntáiste do na tomhaltóirí go léir.

Bhíomar an-sásta nuair a bhunaigh an Rialtas an Grúpa Oibre um Chostais Árachais, faoi cheannas an Aire Stáit Eoghan Murphy T.D., bhí páirt ghníomhach againn mar bhall den ghrúpa agus chuireamar faisnéis agus eolas ar fáil chun tacú lena chuid oibre.

Chuireamar fáilte roimh thuairisc eatramhach an Ghrúpa Oibre mar aon lena thuarascáil deiridh a foilsíodh in 2017.



# Ár nDaoine



Tá acmhainn ildisciplíneach agus oilte de 80 ball foirne buan ag an PIAB, a chlúdaíonn speictream leathan d'acmhainní dlí, airgeadais, sláinte agus sábháilteachta, acmhainní daonna agus acmhainní gairmiúla eile.

Tá stíl bhainistíochta ag an eagraíocht atá oscailte agus gairmiúil agus ina dtugtar spreagadh gníomhach do chaidreamh débhealaigh. Obair bhuíne an gnáthchultúr atá againn ina bhfáiltítear roimh agus ina spreagtar dearcaí éagsúla agus éagsúlacht.

D'earcaigh an PIAB 16 comhghleacaí nua in 2016, daoine a thug taithí éagsúil agus saineolas breise isteach. Mar aon lenár bhfoireann sna hoifigí atá againn i dTamhlacht, Baile Átha Cliath, tá Ionad Seirbhísí againn i gCloich na Coillte, Co. Chorcaí.

## Saineolas

Eagraíocht dhlútheolais is ea an PIAB agus tá a rathúlacht cinntithe ag saineolas, gairmiúlacht agus treallús a daoine. Creidimid gur ceart timpeallacht a chur ar fáil ina bhfuil daoine in ann páirt a ghlacadh, a scileanna a fhorbairt agus úsáid a bhaint as an tacaíocht a theastaíonn uathu chun bailchríoch a chur go hinniúil agus go comhsheasmhach ar a gcuspóirí aonair agus a gcinn eagraíochtúla.

Cuirimid an-bhéim ar mheantóireacht, cóitseáil, oiliúint agus forbairt foirne. Áirithe san oiliúint a bhí ar siúl i rith na bliana bhí ionduchtú do bhaill nua foirne mar aon le cúrsaí in obair foirne agus athbhreithnithe feidhmíochta. D'eagraíomar oiliúint theicniúil dár bhfoireann ó speisialtóirí i dtráma ortaipéideach agus díobhálacha láimhe agus ó shaineolaithe i gclinicí Taismí agus Éigeandála. Rinneadh é sin chun feabhas a chur ar chumas na foirne maidir le measúnú ar éilimh speisialaithe.

Tá Scéim Chuidithe Oideachais (AES) ag an mBord. An aidhm atá leis an AES ná maolú a dhéanamh ar ualach tháillí na gcúrsaí agus chun éascú a dhéanamh ar an staidéir agus ar thinreamh na scrúduithe do na cúrsaí ábhartha.

## Comhpháirtíocht

Rinne Comhchoiste Comhairleach an PIAB athbhreithniú agus d'aontaigh siad ar roinnt cúinsí lárnacha i rith na bliana, lena n-áirítear Beartas um Nochtadh Cosanta an PIAB a chuireann creat ar fáil inar féidir le baill foirne ábhar imní a chur in iúl i dtaca le héagóracha ionchasacha, agus iad lánchinnte go mbeidh siad in ann leas a bhaint as cosaintí suntasacha fostaíochta. Déanann ár nGrúpa Comhpháirtíochta, atá comhdhéanta de bhaill foirne agus bainistíochta, measúnú agus cur chun cinn ar thionscnaimh a dhéanann áit níos fearr den PIAB chun oibriú ann.

Tá an t-ádh orainn go bhfuil Club Sóisialta Foirne againn atá gníomhach agus a eagraíonn ócáidí rialta, rud a spreagann atmaisféar cairdiúil agus comhoibríoch. Táimid ag leanúint den fhócas ar shláinte, sábháilteacht agus folláine na bhfostaithe agus déanaimid maoiniú ar Chlár Cúnaimh d'Fhostaithe. Tá an scéim deonach agus in aisce do na fostaithe go léir.

## Sábháilteacht

Tá Coiste gníomhach Sláinte agus Sábháilteachta ag an PIAB agus tá Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta aige atá cáilithe agus inniúil, ag déanamh éascaíochta do mheasúnachtaí eirgeanamaíocha, do mheasúnachtaí ar riosca toirchis agus do dhruileanna aslonnaithe, mar aon lena chinntiú go gcuireann an PIAB áit shábháilte oibre ar fáil don fhoireann ar fad.

# Rialachas Corparáideach

## Eagraíocht

Comhlacht neamhthráchtála Stáit is ea an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta. Tá a fheidhmeanna agus a dhualgais leagtha amach sna *hAchtanna um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 & 2007*. An tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta a cheapann an Bord ar a bhfuil Cathaoirleach agus 9 gnáthchomhaltaí (neamhfheidhmeannach) mar aon leis an bPríomhfheidhmeannach. Tá an Bord freagrach as beartais an PIAB a fhoirmliú agus as dualgais mhuiníne eile a chur i gcrích. Tá sé comhfhreagrach as ceannas agus treoir a thabhairt do ghníomhaíochtaí na heagraíochta. Cé go bhféadfadh go ndéanfadh an Bord feidhmeanna ar leith a tharmligean chuig an mbainistíocht ní shaorann feidhmiú chumhacht an tarmligin an Bord ón dualgas atá air maoirseacht a dhéanamh ar urscaoileadh na feidhme atá tarmligthe.

Comhlíonann an Bord feidhmeanna príomha mar atá leagtha amach thíos ina n-áirítear ceannaireacht agus treo na heagraíochta laistigh de chreat de rialuithe stuama agus éifeachtacha a chuireann ar a chumas riosca a mheas agus a bhainistiú.

## Mar a oibríonn an Bord – Ról an Bhoird

Tagann an Bord le chéile ar bhonn rialta. De réir mar a bhíonn gá leis, freastalaíonn baill foirne feidhmiúcháin agus daoine eile, m.sh. saineolaithe éagsúla, srl., ar chruinnithe Boird chun críocha plé a dhéanamh ar chúinsí ábhartha. I rith 2016, tháinig an Bord le cheile faoi dhó, gan aon Bhaill Feidhmiúcháin a bheith i láthair, chun plé a dhéanamh faoi chúinsí a measadh a bheith ábhartha.

Is ceadmhach don Bhord cuid dá chumhachtaí a tharmligean, de réir mar a mheasann sé sin a bheith cuí, chuig Coiste Boird nó an Cathaoirleach nó an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, faoi réir a bheith ag cloí le haon reachtaíocht ábhartha, na *hAchtanna um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003* agus *2007*ach go háirithe. Tá an bhainistíocht feidhmiúcháin freagrach as reáchtáil na heagraíochta ó lá go lá lena n-áirítear láimhsiú agus ullmhú éileamh agus measúnachtaí a dhéanamh. Tá sceideal foirmiúil de nithe ag an mBord atá forchoimeádta go sonrach dá chinneadh. Orthu sin tá:

- Cinntiú go n-oibríonn an Bord laistigh de theorainneacha a údarás reachtúil agus/nó aon údarás tarmligthe a bheidh aontaithe leis an Aire;
- Feidhmeanna príomha an Bhoird a chur i gcrích mar atá leagtha amach in Achtanna an PIAB;
- Feidhmeanna reachtúla eile an Bhoird a chur i gcrích;
- go gcloítear i gcónaí le hardchaighdeáin de rialachas corparáideach;
- Cinntiú go gcoinnítear córas iontaofa um rialú inmheánach lena n-áirítear rialúcháin airgeadais, oibríochtúla, straitéiseacha agus clú, mar aon le próisis agus beartais do bhainistíocht riosca;
- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht phróisis agus chórais bhainistíochta riosca an Bhoird d'aithint, meantóireacht agus rialú éifeachtach ar rioscaí;
- Tabhairt faoi mheasúnacht bhliantúil ar éifeachtúlacht na bpróiseas rialaithe inmheánaigh agus bainistithe riosca;
- Comhaontú ar nósanna imeachta an Bhoird, lena n-áirítear leibhéil na n-údarás tarmligthe;
- Faomhadh na gceannachán/conarthaí príomha;
- Faomhadh aon athruithe suntasacha i mbeartais nó i gcleachtais chuntasaíochta;
- Faomhadh Tuarascála Bliantúla & Ráitis Airgeadais;
- Faomhadh agus monatóireacht an Bhuiséid Bhliantúil;
- Faomhadh an Phlean Iniúchóireachta Straitéisí;
- Ceapadh, luach saothair agus measúnú ar fheidhmíocht an Príomhoifigigh Fheidhmiúcháin faoi réir aon fhaomhadh Aireachta a mbeadh gá leis;
- Faomhadh Phlean Straitéiseach an Bhoird lena chur faoi bhráid an Aire;
- Faomhadh tharmligean na ndualgas chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin;
- Maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh ghnó an Bhoird ó lá go lá ag an mbainistíocht feidhmiúcháin;
- Tabhairt faoi athbhreithniú bliantúil ar a fheidhmíocht féin;
- Cathaoirleach agus Comhaltaí Choistí an Bhoird a cheapadh agus faomhadh/athbhreithniú ar théarmaí tagartha na gcoistí sin; agus

- Faomhadh an Chóid Iompraíochta Gnó do Chomhaltaí Boird.

Tá an Bord freagrach as ullmhú na tuarascála bliantúil agus na ráiteas airgeadais agus measann siad go bhfuil ráitis airgeadais 2016 ina léiriú fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais na heagraíochta agus ar an staid airgeadais ag deireadh na bliana.

I rith na bliana cheadaigh an Bord buiséad Bliantúil agus ar bhunús leanúnach rinneadh measúnú ar fheidhmíocht in aghaidh buiséid – rinneadh é sin trí nuashonruithe rialta buiséid a cuireadh ar fáil ón bhFeidhmeannas chun go ndéanfadh an Bord iad a mheas ag a chruinnithe rialta.

Mar atá imlínithe sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach atá áirithe sna Ráitis Airgeadais atá ina gcuid den Tuarascáil Bhliantúil seo, thug an Bord faoi athbhreithniú ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánach laistigh den eagraíocht i rith na bliana. Fuarthas an t-eolas don athbhreithniú ó obair an iniúchóra inmheánaigh, ón gCoiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, agus ó Fheidhmeannas na heagraíochta a bhfuil freagracht air as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe. Chinn an Bord go raibh siad sásta le héifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach a bhí i bhfearas san eagraíocht.

I rith na bliana rinne an Bord measúnú ar phríomhrioscaí na heagraíochta, lena n-áirítear cur síos ar an riosca agus na bearta nó na straitéisí a bhaineann leis chun rialú agus maolú a dhéanamh ar na rioscaí sin. Chinn Comhaltaí an Boird go raibh siad sásta leis an gcreat bainistíochta riosca a bhí i bhfearas agus leis na próisis a bhaineann leis.

I rith na bliana chuireamar nósanna imeachta do Bhainistíocht Riosca i bhfeidhm mar atá imlínithe inár gCreat Bainistíochta Riosca. Tá an creat cuimsitheach seo comhtháite go hiomlán lenár gClár Dearbhaithe Cáilíochta agus leis an timthriall Pleanála Gnó.

I rith na bliana, thug an Bord faoi fhéinmheastóireacht ar a fheidhmíocht féin. Bhí torthaí an athbhreithnithe dearfach i gcoitinne ach bhí roinnt moltaí ann a bhain le líon beag téamaí agus fiosrófar iad sin ar bhonn leanúnach, m.sh. athbhreithniú leanúnach ar fheidhmíocht an Bhoird, sceidealú ar mhíreanna agus ar ábhar faisnéisithe Boird do Chomhaltaí.

## Liosta Iomlán na gComhaltaí Boird

| Ainm | Post | Taifead Tinrimh |
|---|---|---|
| Dermot Divilly | Cathaoirleach Neamhfheidhmeannach | 8 as 8 |
| John Lynch | Leaschathaoirleach agus Comhairleoir Gnó | 8 as 8 |
| Conor O'Brien | Príomhfheidhmeannach | 8 as 8 |
| Walter Cullen | Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) (ainmní) | 7 as 8 |
| Dermot Gorman | Árachas na hÉireann (ainmní) | 7 as 8 |
| Martin Naughton | Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) (ainmní) | 6 as 8 |
| Karen O'Leary | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 6 as 8 |
| Fionnuala O'Loughlin | Síciatraí Comhairleach | 7 as 8 |
| Breda Power | An Roinn Post, Fiontar & Nuálaíochta | 8 as 8 |
| Margot Slattery | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) (ainmní) | 3 as 8 |
| Mick Stewart | Banc Ceannais na hÉireann (ainmní) | 7 as 8 |
| *Stephen Watkins* | *Rúnaí don Bhord* | |

# Rialachas Corparáideach

Tháinig deireadh le tionacht Mick Stewart mar Chomhalta Boird ar an 31ú Nollaig 2016. Tháinig Tim O'Hanrahan ina ionad mar ainmní Bhanc Ceannais na hÉireann ón 1ú Eanáir 2017 ar aghaidh.

Tá na sonraí faoi tháillí a íocadh le Comhaltaí Boird leagtha amach sna Ráitis Airgeadais. Mar a tharla i mblianta roimhe seo, níor íocadh aon chostais le Comhaltaí Boird.

## Ballraíocht na gCoistí i rith na bliana

| An Coiste Iniúchóireachta |
| --- |
| John Lynch (Cathaoirleach) |
| Walter Cullen |
| Dermot Gorman |
| Breda Power |
| Mick Stewart |

De bhreis ar na cruinnithe iomlána Boird, bhí ceithre chruinniú ag Coiste Iniúchóireachta an Bhoird i rith 2016.

## An Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin

Tá an Príomhfheidhmeannach Conor O'Brien ina chomhalta den Bhord. Tá sé i gceannas freisin ar an bhFoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin ar a n-áirítear:

- Maurice Priestley – An Stiúrthóir Oibríochtaí
- Helen Moran – Stiúrthóir na Seirbhísí Tacaíochta
- Stephen Watkins – Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideach
- Bernadette King – An Stiúrthóir Airgeadais

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as bainistíocht oibríochtaí an PIAB ó lá go lá le tacaíocht ó stiúrthóirí, bainisteoirí, measúnóirí agus foireann tacaíochta.

## Bainistíocht Riosca

I rith na bliana chuireamar nósanna imeachta do Bhainistíocht Riosca i bhfeidhm mar atá imlínithe inár gCreat Bainistíochta Riosca. Tá an creat cuimsitheach seo comhtháite go hiomlán lenár gClár Dearbhaithe Cáilíochta agus leis an timthriall Pleanála Gnó.

## Iniúchóireacht Inmheánach

Tá an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí ina phríomheilimint do threorú an Bhoird rialaithe maidir le héifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach. Oibríonn na hiniúchóirí inmheánacha de réir an *Chóid Chleachtais do Rialachas ar Chomhlachtaí Stáit*. Ullmhaíodh tuarascálacha ón Iniúchóir Inmheánach in 2016 a chlúdaigh raon leathan réimsí: Airgeadais, Oibríochtúil agus Eagraíochtúil. Cuireadh na tuarascálacha faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus níor aithníodh aon chúinsí suntasacha iontu.

## Rialachas Corparáideach

Feidhmíonn PIAB de réir fhorálacha an Achta 2003, arna leasú in 2007. Feidhmíonn PIAB faoi choimirce an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

I dteannta téarmaí ar reachtaíochta rialaithe féin, caithfimid cloí freisin le raon leathan eile de cheanglais reachtúla (Náisiúnta agus AE) agus riaracháin. Ach go háirithe, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm againn lena chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais shainiúla seo a leanas:

### Cód Cleachtais le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá nósanna imeachta forbartha agus curtha i bhfeidhm ag an PIAB lena chinntiú go gcloítear leis an gCód. Go bliantúil, deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird go foirmiúil don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta gur chloígh an PIAB leis an gCód. Mar chuid de riachtanais an Chóid, tá Comhaontú Seirbhíse forbartha againn lenár Máthair-Roinn.

# Rialachas Corparáideach

## An tAcht um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995

Tagann an PIAB laistigh de scóip an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus tá nósanna imeachta glactha aige chun an tAcht a chomhlíonadh. Dá réir, nuair is gá, tá ráitis shainleasa tugtha chun críche ag Comhaltaí an Bhoird agus ag gach ball foirne a bhfuil post sainithe acu le forálacha an Achta a chomhlíonadh. Sa bhreis air sin, tá nósanna imeachta i bhfeidhm do nochtadh leanúnach leasanna Chomhaltaí an Bhoird ar cheist í a chuirtear ag tús gach cruinniú den Bhord. Bíonn an fhoireann ag an leibhéal bainistíochta faoi réir ag an reachtaíocht seo freisin.

## An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an PIAB chun forálacha an Achta a chomhlíonadh. Tá ráiteas sábháilteachta glactha againn a chuimsíonn gach gné de leas na foirne.

## An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tá an PIAB tiomanta do pholasaí chomhionannas deiseanna agus glactar cur chuige dearfach i leith an chomhionannais san eagraíocht. Tá an PIAB tiomanta do thimpeallacht oibre/saoil chothrom a fhorbairt. Feidhmíonn sé socruithe fleisc-ama faoi láthair don fhoireann ghrádaithe a bhfuil ceanglas orthu maidir le huaslíon agus íoslíon uaireanta oibre. Tar éis dúinn cead a fháil foireann bhreise a earcú chun an fhoireann a thabhairt go dtí 80, phlé an Coiste Comhpháirtíochta roghanna oibre feabhsaithe.

## Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Is rialaitheoir sonraí cláraithe é an PIAB faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Feidhmíonn an PIAB de réir Beartas Cosanta Sonraí foirmiúil mar a comhaontaíodh le hOifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí. Cuireann sé seo ar thús cadhnaíochta sinn ó thaobh nósanna imeachta cosanta sonraí a chur i bhfeidhm, cearta bunúsacha príobháideacha an duine á gcosaint aige mar seo agus rialú á fheidhmiú ar an gcaoi a chuirtear faisnéis phearsanta ar fáil faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

## Reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise

Tugadh an PIAB faoi réimse freagrachtaí na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise le linn 2015. Tá roinnt iarratas faighte ag an eagraíocht ó shin lena n-áirítear iarratais a bhaineann le cásanna agus iarratais níos ginearálta. D'fhoilsíomar ár scéim foilseacháin Alt 8 ar ár láithreán gréasáin in Aibreán 2016 mar a cheanglaítear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tagann an PIAB faoi shainchúram Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chuireann creat reachtúil ar fáil chun seirbhísí a sheachadadh i nGaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.

## Nochtadh Cosanta

Tá Beartas um Nochtadh Cosanta ag an PIAB a chuireann creat ar fáil inar féidir le baill foirne imní a léiriú i dtaca le héagóracha atá tugtha faoi deara acu le linn dóibh a bheith ag obair san eagraíocht agus iad lánchinnte go mbeidh siad in ann leas a bhaint as cosaintí suntasacha fostaíochta. Tugadh isteach é seo in 2016, rinne Comhchoiste Comhairleach an PIAB, atá comhdhéanta d'ionadaithe fostaithe agus bainistíochta athbhreithniú air agus d'aontaigh siad air. Dáileadh an beartas ar ár bhfoireann go léir agus foilsíodh é ar ár suíomh inlín ar an 7ú Meán Fómhair 2016. I rith 2016, níor dearnadh aon nochtadh cosanta.

## Soláthar

Is tairiscint iomaíoch í an nós imeachta a úsáideann an PIAB de ghnáth sa phróiseas soláthair. Bhí aird chuí ag na tairiscintí a eisíodh ar thairseacha luacha do chur i bhfeidhm rialacha soláthair. Deimhníonn an PIAB go gcomhlíontar nósanna imeachta tairisceana i ndáil le tairiscintí iomaíocha. Áireofar leis seo go gcloítear le treoirlínte náisiúnta agus Treoracha ábhartha ón AE, a bhfuil feidhm dlí leo in Éirinn agus i ngach Ballstát. Déanaimid athbhreithniú agus nuashonrú ar a chuid nósanna imeachta agus beartas soláthair go leanúnach agus soláthraítear oiliúint freisin don phearsanra cuí sa réimse teicniúil tábhachtach seo.

# Rialachas Corparáideach

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| Líon Iomlán na Sonrasc a híocadh | 26,055 | 23,773 |
| Líon Iomlán na nÍocaíochtaí | €17,285,116 | €16,357,968 |
| Líon na Sonraí a híocadh sa bhreis ar 30 lá | 109 | 82 |
| Ús Iomlán Prasíocaíochta | €2,666 | €2,579 |

I rith 2016, chuireamar oiliúint ar fáil do bhaill foirne atá gafa le soláthar agus rinneadh forbairt ar theimpléid d'fhoirmeacha agus dáileadh go hinmheánach iad.

## Prasíocaíocht Cuntas

Aithníonn an PIAB a fhreagrachtaí as a chinntiú go gcomhlíontar ar gach slí ábhartha forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Mall i gcás Bearta Tráchtála) 2012, (SI.580 de 2012), faoina mbeidh ús pionósach iníoctha mura ndéanfar íocaíochtaí ar idirbhearta tráchtála laistigh de 30 lá, mura mbíonn a mhalairt sonraithe i gconradh nó i gcomhaontú. Is é ár bpolasaí a chinntiú o ndéantar gach sonrasc a rianadh agus a íoc go pras roimh a ndáta dlite do chúinsí úis agus muirir. Tá nósanna imeachta i bhfearas chun deimhnithe réasúnta a thabhairt in aghaidh neamhchomhlíonadh an Achta agus na Rialachán.

Tá an PIAB tiomanta a dhualgas a chomhlíonadh faoin chinneadh 15-lá an Rialtais a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Iúil, 2011. Cinntíonn an fhoráil seo go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe maidir le gach sonrasc dleathach a gheofar laistigh de 15 féilire agus go bhfoilsímid an líon iomlán agus luach na n-íocaíochtaí ar ár láithreán gréasáin gach ráithe. Sa bhliain go dtí 31 Nollaig 2016, bhí 76% de na híocaíochtaí déanta laistigh de 15 lá agus bhí 99.6% déanta laistigh de 30 lá.

## Cánachas

Dearbhaíonn an PIAB gur cloíodh leis na dlíthe cánach go léir. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil an PIAB ina eiseamláir agus é ag comhlíonadh a oibleagáid faoi dhlíthe cánach agus go n-íoctar na dliteanais chánach go léir ar na dátaí dlite iomchuí nó roimh na dátaí sin.

## Pleanáil Straitéiseach

Feidhmíonn an PIAB de réir a Phlean Straitéiseach don tréimhse 2014-2019. Leagtar amach sa phlean seo Príomhchuspóirí Straitéiseacha an PIAB thar na blianta atá le teacht mar aon leis na príomhghníomhaíochtaí atá le déanamh chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Ag an leibhéal oibríochta, táthar an leanúint den ailíniú ar chuspóirí foirne agus pleananna gnó bliantúla le cuspóirí straitéiseacha an PIAB.

# Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

## Clár — Leathanach


| Clár | Leathanach |
|---|---|
| Eolas Ginearálta | 26 |
| Ráiteas faoi Dhualgais an Bhoird | 27 |
| Ráiteas faoin Rialú Inmheánach | 28 |
| Tuairisc An Ard-Reachtaire Cuntas Agus Ciste | 30 |
| Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | 31 |
| Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach | 32 |
| Ráiteas faoin Staid Airgeadais | 33 |
| Ráiteas faoi Shreafaí Airgid | 34 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 35 |

# Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

| Eolas Ginearálta | | |
|---|---|---|
| **Comhaltaí an Bhoird** | Dermot Divilly (Cathaoirleach) | |
| | Conor O'Brien (POF) | |
| | Walter Cullen | |
| | Dermot Gorman | |
| | John Lynch | |
| | Martin Naughton | |
| | Tim O'Hanrahan | Thosaigh sé ar 1ú Eanáir 2017 |
| | Karen O'Leary | |
| | Fionnuala O'Loughlin | |
| | Breda Power | |
| | Margot Slattery | |
| | Mick Stewart | Chríochnaigh a bhallraíocht ar an 31ú Nollaig 2016 |
| | | |
| **Oifig** | Teach Grain | |
| | Halla an Mhalartáin | |
| | Cearnóg Belgard Thuaidh | |
| | Tamhlacht | |
| | Baile Átha Cliath 24 | |
| | | |
| **Iniúchóir** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste | |
| | 3A Sráid an Mhéara Uachtarach | |
| | Baile Átha Cliath 1 | |
| | | |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann | |
| | 4 – 6 Priorsgate | |
| | An Phríomhshráid | |
| | Tamhlacht | |
| | Baile Átha Cliath 24 | |
| | | |
| **Aturnaetha** | Arthur Cox & Co. | |
| | Ionad Phort an Iarla | |
| | Baile Átha Cliath 2. | |
| | | |
| **Láithreán Gréasáin** | www.injuriesboard.ie | |

# Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Faoi Alt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003, caithfidh an Bord ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhormáid agus sa tslí atá sonraithe ag an Aire Fiontar, Post agus Nuálaíochta.

Agus an Bord ag ullmhú na ráiteas airgeadais seo, éilítear air:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ag feidhmiú;
- A lua ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir ag aon imeacht ábharthach sna ráitis airgeadais a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ag cloí le hAlt 77 den Acht. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní a chosaint agus as sin céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar Ceann an Bhoird



**John Lynch**
*25ú Bealtaine 2017*

Thar Ceann an Bhoird



**Dermot Gorman**
*25ú Bealtaine 2017*

# Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

## Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

### Freagracht as córas rialaithe airgeadais inmheánaigh

Thar ceann Bhord Bainistíochta an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta, tugaim aitheantas don fhreagracht atá orainn a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhsí tráthúla.

### Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an PIAB chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- deighilt shoiléir idir feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhoird agus an Fheidhmeannais a dhéanamh foirmiúil;
- riachtanais tuairiscithe a bhaineann le cúrsaí airgeadais agus cúrsaí gaolmhara a shocrú;
- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le téarmaí tagartha sainithe a bhunú:
- gnólacht seachtrach cuntasóirí a bhunú a sholáthróidh seirbhís iniúchóireachta inmheánach don PIAB;
- Cóid Iompair a fhoilsiú do Stiúrthóirí agus d'fhostaithe an PIAB araon; agus
- féachaint le cultúr láidir cuntasachta a chothabháil ar fud na heagraíochta.

Cloíonn an Bord le ceanglais uile an Chóid Chleachtais do Rialachas ar Chomhlachtaí Stáit ('an Cód') 2016 a mhéid is atá iomchuí do chomhlacht Stáit neamhthráchtála agus freisin tá sé ag comhlíonadh na rialacha agus na treoirlínte soláthair reatha.

Tá próisis bunaithe ag an mBord chomh maith chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- Príomhoifigeach Riosca a cheapadh;
- maoirseachta a dhéanamh ar fheidhmiú an chreat bainistithe riosca lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár riosca go bliantúil;
- Ráiteas Inghlacthachta Riosca a shocrú agus athbhreithniú a dhéanamh ar thuairisciú riosca ón mbainistíocht ag gach cruinniú Boird;
- nádúr, méid agus tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na rioscaí atá os comhair an PIAB a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheastar a bheith inghlactha;
- measúnú a dhéanamh ar an dóigh go dtarlóidh rioscaí aitheanta;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú; agus
- aird a bheith ar oibriú chostais rialuithe áirithe i gcomparáid leis an leas a fhaightear.

Rinneadh athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht an rialaithe inmheánaigh i rith na bliana agus rinne an Bord measúnú ar phríomhrioscaí na heagraíochta, lena n-áirítear cur síos ar an riosca agus na bearta nó na straitéisí a bhaineann leis chun rialú agus maolú a dhéanamh ar na rioscaí sin. Mheas na comhaltaí Boird go raibh siad sásta leis an gcreat bainistíochta riosca a bhí i bhfearas agus leis na próisis a bhaineann leis.

# Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat d'eolas rialta bainistíochta, bearta agus nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear, a mhéid is indéanta le haird ar scála an PIAB, deighilt dualgas agus córas cleachtais tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ann ach go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil, a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn an Bord;
- athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais míosúla agus bliantúla a thomhaiseann feidhmíocht airgeadais i gcoinne buiséid agus réamhaisnéisí;
- scéim mhíosúil chuimsitheach tuairiscithe airgeadais agus oibríochta;
- spriocanna a shocrú agus a thuairisciú chun feidhmíocht airgeadais agus oibríochta a thomhas; agus
- athbhreithnithe rialta iniúchóireachta inmheánaí ar rialuithe agus ar ghnásanna imeachta airgeadais, oibríochta agus comhlíontachta.

Cheap an Bord Deloitte chun feidhmiú mar iniúchóirí inmheánacha agus chun tuairisc a thabhairt don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Áirithe ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, atá comhdhéanta de stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, daoine a bhfuil eolas acu ar chuntasaíocht, rialú inmheánach agus ábhair bhainistíochta riosca. Tá sé de chúram breise ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú a dhéanamh ar an gCóras um Rialú Inmheánach agus a chinntiú go gcoinnítear an Bord ar an eolas faoi na hábhair atá pléite aige.

Oibríonn an fheidhm Iniúchóireachta inmheánaí de réir Cairte Iniúchóireachta Inmheánaí faofa, atá i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha amach sa Chód. Tá plean oibre iniúchóireachta inmheánaí trí bliana cinntithe i gcomhairle leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus déantar é a athbhreithniú gach bliain agus a athchóiriú de réir mar is gá. Cuireann an plean oibre iniúchóireachta inmheánaí san áireamh réimsí de rioscaí ionchasacha a d'aithin an eagraíocht ag tabhairt aird a chuspóirí straitéiseacha agus a chreat bainistíochta riosca. Cuireann an t-iniúchóir inmheánach tuairiscí rialta ar thascanna atá curtha i gcrích ar fáil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Leagann na tuairiscí sin béim ar easpaí nó laigí, más ann dóibh, sa córas um rialú inmheánach agus na bearta ceartaitheacha atá molta a dhéanamh nuair is gá.

## Athbhreithniú bliantúil ar Rialuithe

Deimhním, maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2016, go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus gur chuir obair an iniúchóra inmheánaigh, an coiste iniúchta, a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, agus feidhmiúcháin an PIAB, atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais, athbhreithniú an Bhoird ar an eolas.

Sínithe thar Ceann an Bhoird



**Dermot Divilly**
*Cathaoirleach*
*25ú Bealtaine 2017.*

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil arna tíolacadh ar Thithe an Oireachtais

## An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe, an ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach, an ráiteas maidir le staid airgeadais, an ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar an mbealach a fhorordaítear faoi Alt 77 d'Acht 2003 agus de réir cleachtais chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta.

## Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An fhreagracht atá orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir dlí infheidhme.

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht.

Déanaim m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag cloí le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird Chleachtais Iniúchta ag an am céanna.

## Scóip iniúchta na ráiteas airgeadais

I rith iniúchta, ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, fianaise leordhóthanach a thabharfadh deimhniú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear air sin measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na an Bhoird, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar nochtadh ar shlí leordhóthanach iad
- réasúnacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a dhéantar agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Lorgaím fianaise chomh maith faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léigh mé tuarascáil bhliantúil an Bhoird chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun aon eolas a dhealraíonn sé go bhfuil sé mícheart go hábhartha bunaithe ar an eolas a fuair le linn an t-iniúchadh seo a chur i gcrích, nó nach bhfuil sé ag teacht go hábhartha leis an eolas sin. Má thugaim aon mhíráiteas nó neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha faoi deara, breithním na tionchair a bheidh acu sin ar mo thuarascáil.

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim é go dtugann na ráitis airgeadais:

- léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2016 agus ar a ioncam agus ar chaiteachas do 2016; agus
- go bhfuil siad ullmhaithe de réir an chleachtais cuntasaíochta a ghlactar go ginearálta leis.

Is é mo thuairimse é go raibh taifid chuntasaíochta an Bhoird leordhóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

## Ábhair lena dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó:

- má thug m'iniúchadh aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird ag teacht leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó nach bhfuil sé ag teacht leis an eolas a fuair mé le linn an t-iniúchadh seo a chur i gcrích, nó
- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach comhlíonadh an Bhoird leis an gCód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.

**Patricia Sheehan**
*Don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus thar a cheann*
**31 Bealtaine 2017**

# Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

Don Bhliain Airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2016

| | NÓTAÍ | 2016 € | 2015 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam ó Tháillí | 2 | **12,607,068** | 11,756,463 |
| Ioncam eile | | **4,026** | 11,045 |
| **Ioncam Iomlán** | | **12,611,094** | 11,767,508 |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail, Pinsin agus Costais a Bhaineann Leo | 3 | **5,835,233** | 5,475,132 |
| Costais Phróiseála Éileamh | 4 | **2,569,699** | 2,696,845 |
| Táillí do Chomhaltaí an Bhoird | 3 | **80,370** | 80,370 |
| Costais Chóiríochta & Fhoirgníochta | 5 | **513,025** | 424,587 |
| Costais Earcaíochta, Oiliúna & Oideachais | 5 | **39,635** | 64,795 |
| Costais Faisnéise, Taighde & Cumarsáide | 5 | **298,412** | 332,084 |
| Táillí Dlí & Táillí Gairmiúla | 5 | **422,786** | 299,183 |
| Costais ón Athbhreithniú Breithiúnach | 5 | **150,000** | 1,682 |
| Costais TF | 5 | **460,963** | 362,559 |
| Costais Theileachumarsáide | | **98,230** | 68,865 |
| Costais Ghinearálta Riaracháin | 5 | **602,662** | 616,421 |
| Dímheas | | **120,865** | 188,616 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **11,191,880** | 10,611,139 |
| **BARRACHAS IONCAIM DE BHREIS AR CHOSTAIS RIARACHÁIN** | | **1,419,214** | 1,156,369 |
| **Ús Infhála** | | **26,562** | 45,834 |
| **BARRACHAS DON BHLIAIN** | | **1,445,776** | 1,202,203 |
| | | | |
| **Iarmhéid ag 1 Eanáir** | | **17,880,707** | 16,678,504 |
| **IARMHÉID AG DEIREADH NA BLIANA** | | **19,326,483** | 17,880,707 |

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ar dháta an ráitis faoin staid airgeadais. Áirithe sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe tá na gnóthachain agus na caillteanais ar fad a aithníodh sa bhliain.

Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 15 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar Ceann an Bhoird

**John Lynch**
*25ú Bealtaine 2017*

Thar Ceann an Bhoird

**Dermot Gorman**
*25ú Bealtaine 2017*

# Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach

Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2016

| | NÓTAÍ | 2016<br>€ | 2015<br>€ |
|---|---|---|---|
| Barrachas don Bhliain | | **1,445,776** | 1,202,203 |
| Gnóthachain a bhrath ar oibleagáidí sochair scoir | 12 | **117,000** | 234,000 |
| Athrú ar na toimhdí atá mar bhunús le luach reatha na -oibleagáidí sochair scoir | 12 | **(4,516,000)** | 3,132,000 |
| Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha na sochar scoir | | **4,399,000** | (3,366,000) |
| **Ioncam Cuimsitheach don bhliain** | | **1,445,776** | 1,202,203 |

Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 15 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar Ceann an Bhoird



**John Lynch**
*25ú Bealtaine 2017*

Thar Ceann an Bhoird



**Dermot Gorman**
*25ú Bealtaine 2017*

# Ráiteas faoin Staid Airgeadais

Mar a bhí ar an 31 Nollaig 2016

| | NÓTAÍ | 2016 | 2016 | 2015 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | € |
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | | | |
| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 6 | | **297,609** | | 324,777 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Infháltais | 7 | **1,872,811** | | 2,046,763 | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | **2,300,859** | | 932,147 | |
| Éarlais Ghearrthéarmacha | | **17,321,950** | | 16,534,709 | |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **21,495,620** | | 19,513,619 | |
| **Iníocaíochtaí: iomláin atá dlite in aon bhliain amháin** | | | | | |
| Iníocaíochtaí: Suimeanna a bheidh dlite laistigh d'aon bhliain amháin | 8 | **1,701,838** | | 1,229,482 | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | | **19,793,782** | | 18,284,137 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | | | **20,091,391** | | 18,608,914 |
| **Creidiúnaithe: méideanna atá dlite in aon bhliain amháin** | | | | | |
| Foráil do dhliteanais agus muirir | 9 | | **764,908** | | 728,207 |
| **Sochair Scoir** | | | | | |
| Oibleagáidí Sochair Scoir | 12 | | **(27,317,000)** | | (21,209,000) |
| Coigeartú ar Shócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha na Sochar | 12 | | **27,317,000** | | 21,209,000 |
| **Glansócmhainní tar éis Sochair Scoir** | | | **19,326,483** | | 17,880,707 |
| **Arna Mhaoiniú ag:** | | | | | |
| Ráiteas faoi Ioncam & Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | | | **19,326,483** | | 17,880,707 |
| **Iomlán Maoinithe ag:** | | | **19,326,483** | | 17,880,707 |

Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 15 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar Ceann an Bhoird

**John Lynch**
*25ú Bealtaine 2017*

Thar Ceann an Bhoird

**Dermot Gorman**
*25ú Bealtaine 2017*

# Ráiteas faoi Shreafaí Airgid

Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2016

| | NÓTAÍ | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Sreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Barrachas don Bhliain Airgeadais | | **1,445,776** | 1,202,203 |
| Coigeartaithe do: | | | |
| Dímheas | | **120,865** | 188,616 |
| Ús Bainc a Fuarthas | | **(26,562)** | (45,834) |
| (Méadú)/Laghdú sna hInfhháltais | | **173,952** | (509,442) |
| (Méadú)/Laghdú sna hÍocaíochtaí | | **472,356** | (212,450) |
| (Méadú)/Laghdú san Fhoráil do Dhliteanais | | **36,701** | (147,252) |
| **Airgead Tirim ó Oibríochtaí** | | **2,223,088** | **475,841** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Ceannach Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 6 | **(93,697)** | (211,893) |
| **Sreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **(93,697)** | **(211,893)** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | | |
| Ús Faighte | | **26,562** | 45,834 |
| **Insreabhadh glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | **26,562** | **45,834** |
| **Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid** | | **2,155,953** | **309,782** |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid ar 1 Eanáir | | **17,466,856** | **17,157,074** |
| **Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid ar 31 Eanáir** | | **19,622,809** | **17,466,856** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain Airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2016

## 1 Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta leo leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm i rith an ama iad i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

### Eolas Ginearálta

Bunaíodh an PIAB faoin *Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta*, agus an ceannáras ag Teach Grain, Halla an Mhalartáin, Cearnóg Belgard Thuaidh, Baile Átha Cliath 24.

Tá príomhfheidhmeanna an PIAB leagtha amach i gCuid 3 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 – Measúnú cóir agus cruinn a dhéanamh go tráthúil ar an tsuim chúitimh a bhfuiltear ina teideal i gcás éilimh maidir le díobháil phearsanta a thagann faoi shainchúram an PIAB.

Eintiteas Sochair Poiblí is ea an PIAB.

### Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na cuideachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais a bhfuil feidhm leis sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

### An Bunús Ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin modh fabhruithe cuntasaíochta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil de réir chleachtas cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leis in Éirinn agus tá siad san fhoirm a comhaontaíodh leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Is é an Euro an t-aonad airgeadra a luaitear sna ráitis airgeadais.

### Ioncam ó Tháillí

Tá Ioncam ó Tháillí comhdhéanta de Tháillí Éilitheoirí agus Freagróirí. Aithnítear táillí éilitheoirí ar bhonn fáltais airgid thirim. Aithnítear Táillí Freagróra nuair a thoilítear chuig próiseas measúnaithe an Bhoird.

### Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear na Sócmhainní Seasta Inláimhsithe ag costas nó luacháil lúide dímheas carntha. Soláthraítear dímheas ar bhonn na líne dírí ag rátaí a mheastar a laghdóidh sócmhainní chuig luachanna inréadaithe faoi dheireadh a saoil úsáidigh mheasta mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Feabhsúcháin Léis | **Na blianta den léas atá fanta** | De Réir Méid Chothroim |
| TF Crua-earraí/Bogearraí | **25%** | De Réir Méid Chothroim |
| Trealamh Oifige | **20%** | De Réir Méid Chothroim |
| Daingneáin & Feistis | **12.5%** | De Réir Méid Chothroim |
| Troscáin Oifige | **12.5%** | De Réir Méid Chothroim |

### Cánachas

Tá an Bord díolmhaithe ó Cháin Ioncaim agus ó Cháin Chorparáideacha faoi Alt 220 den ++. Ní bhaineann an díolúine seo le hús taisce. Sa chás go bhfuil ús infhaighte faoi réir cánach i gceist (m.sh. DIRT) cuirtear an glanmhéid chun sochair an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain Airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2016

## Léas Oibríochta

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibríochta sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear aon dreasacht léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

## Infháltais

Déantar drochfhiacha atá ar eolas a dhíscríobh agus déantar foráil shonrach d'aon chuid den bhailiúchán a mheastar a bheith amhrasach.

## Sochair Fostaithe

### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, mar saoire le pá, mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fabhraíodh ag deireadh na bliana ar an bhfigiúr Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas maidir le Staid Airgeadais.

## Breithiúnais Chuntasaíochta Chriticiúla agus Meastacháin

D'fhonn na ráitis airgeadais a ullmhú ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le sócmhainní agus dliteanais amhail dháta an chláir comhardaithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le hioncam agus le caiteachas i gcaitheamh na bliana. Is é nádúr na meastachán, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a raibh tionchar acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

## Lagú Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Déantar athbhreithniú i leith lagú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta cibé uair a thugann imeachtaí nó athrú ar imthosca le fios go mb'fhéidir nach bhfuil an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas i leith lagú mar an difear idir an tsuim ghlanluacha sa bhreis ar an tsuim in-aisghabhála. Is í an tsuim in-aisghabhála an luach cóir is airde ag sócmhainn lúide costas a díola agus a luach úsáide.

## Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar shaolré agus ar luachanna iarmharacha gach aicme sócmhainne seasta agus go háirithe saolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha Crua-earraí/Bogearraí TF, agus cinneadh go bhfuil saolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

## Forálacha

Déanann an Bord foráil d'oibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe, is eol dó a bheith gan íoc ag dáta deireadh na tréimhse. Déantar na forálacha sin go ginearálta bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, arna choigeartú le haghaidh na treochtaí is déanaí nuair is iomchuí. Is meastacháin iad áfach ar chostais airgeadais imeachtaí nach mbeidh ag tarlú go ceann roinnt blianta eile. Mar thoradh air sin agus ar an leibhéal éiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh difríocht mhór a bheith idir an táirgeacht iarbhír agus mar a bhí measta.

## Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar nuashonrú gach bliain ar na boinn tuisceana achtúireacha ar a bhfuil na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais bunaithe (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéil cúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus treorátaí costas cúram sláinte) bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha agus aon athrú ábhartha i dtaobh téarmaí agus coinníollacha an phinsin agus ar phleananna iar-scoir.

Bíonn tionchar ag an méid seo a leanas ar na boinn tuisceana:

(i) an ráta lascaine, athruithe sa ráta aschuir ar bhannaí corparáide ardcháilíochta

(ii) leibhéil cúitimh amach anseo, dálaí mhargadh an tsaothair amach anseo

(iii) treorátaí costas cúram sláinte, ráta boilscithe de bharr costas liachta sna réigiúin. ábhartha

## Sochair Scoir

### Nádúr na Scéime

Feidhmíonn an Bord scéim pinsin le sochar sainithe dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Mhúnla na Seirbhíse Poiblí. Cheadaigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus an tAire Airgeadais an scéim fostaithe in 2009. Ceadaíodh an scéim do Chéilí agus Leanaí in 2009.

### Tréithe na Scéime

Tá roinnt tréithe sonracha ag an scéim:

- Íocann an Bord ranníocaíocht comhaontaithe leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.
- Tá an ranníocaíocht comhdhéanta de ghné an fhostaithe agus de ghé an fhostóra.
- B'fhiú 25% de phá comhlán ranníocaíocht an fhostóra in 2016, nó 30% maidir le baill foirne ar ÁSPC Aicme B agus D.
- Tá tiomantas ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta le comhaontú ón Roinn Airgeadais, go seasfaidh an Státchiste costas na sochar de réir mar a bhíonn siad dlite.

Go bunúsach, measann an Bord gur ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) atá an oibleagáid go fóill sochar scoir a íoc, ach go bhfuil tiomantas tugtha ag an Státchiste maoiniú leordhóthanach a chur ar fáil don PIAB chun oibleagáidí den sórt sin a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite, ar an gcoinníoll go n-íocann an PIAB ranníocaíochtaí fostaithe agus fostóra ag na rátaí sonraithe. Dá réir sin, aithnítear sna ráitis airgeadais Oibleagáid Sochair Scoir agus Maoiniú Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha infhaighte.

Oibríonn an Bord na Scéime Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí (Scéim Aonair), an scéim sochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na scéime aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### Dliteanais na Scéime

Déantar dliteanais scéime eiseamláireacha arna léiriú ag luach reatha íocaíochtaí amach anseo atá tuillte ag foireann PIAB go dtí seo a thomhas ar bhonn achtúire ag úsáid an mhodha aonad fortheilgthe. Léiríonn costais phinsin sochair a thuilleann foireann PIAB sa tréimhse agus léirítear iad glan ó ranníocaíocht pinsin na bhfostaithe a choimeádann an Roinn. Déantar an méid atá le cur san áireamh sna ráitis airgeadais don Sócmhainn Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha a mheas ag suim a bheidh comhionann leis an meastachán ar an oibleagáid do dhliteanais na scéime pinsin.

### Gnóthachain nó Caillteanais Achtúireacha na Scéime

Aithnítear gnóthachan agus caillteanas achtúireacha a eascraíonn ó athruithe i mboinn tuisceana achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí i Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach na bliana ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach ar an iarmhéid don Mhaoiniú Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha.

Tá costais phinsin sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais comhdhéanta de ranníocaíocht an fhostóra i ndáil leis an mbliain.

## 2 Ioncam ó Tháillí

| | 2016<br>€ | 2015<br>€ |
|---|---|---|
| Ioncam ó Tháillí Éilitheoirí | **1,510,166** | 1,474,841 |
| Ioncam ó Tháillí Freagróirí* | **11,096,902** | 10,281,622 |
| | **12,607,068** | 11,756,463 |

* Baineann an t-ioncam táille freagróra le déileáil an Bhoird le hiarratas (mar atá imlínithe san Acht PIAB).

Aithnítear táille freagróra nuair a thoilltear le próiseas an PIAB. Ba é an meán-am a glacadh chun bailchríoch a chur ar mheasúnú éilimh in 2016 ná 7.1 mí.

## 3(i) Tuarastail, Pinsin agus Costais a Bhaineann Leo

| | 2016<br>€ | 2015<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastail* | **4,327,719** | 4,051,341 |
| Ragobair | **1,815** | 3,956 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin an Fhostóra** | **1,091,628** | 1,031,422 |
| Ranníocaíochtaí PRSI an Fhostóra | **399,784** | 372,364 |
| | **5,820,946** | 5,459,083 |
| Fabhrú Pá Saoire | **14,287** | 16,049 |
| | **5,835,233** | 5,475,132 |

* Airithe sna costais tá íocaíocht scoir de €30,000.

** Tá €231,768 d'Asbhaint a Bhaineann le Pinsean asbhainte agus íoctha leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta in 2016, asbhaineadh €273,121 agus íocadh é in 2015.

### Líon na Foirne

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| Meánlíon na foirne atá fostaithe ag an mBord | **77.8** | 65.0 |
| Foireann choibhéise lánaimseartha ag Nollaig 2016 | **76.7** | 63.2 |

### Díolaíochtaí an Phríomhfheidhmeannaigh

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| Conor O'Brien (An Príomhfheidhmeannach reatha a thosaigh ar an 1ú Deireadh Fómhair 2015) | 143,040 | 36,153 |
| Patricia Byron (an POF roimhe sin a d'éirigh as oifig ar an 31ú Márta 2015) | 0 | 47,413 |
| Maurice Priestley (an Príomhoifigeach gníomhach ón 1ú Aibreán – 30ú Meán Fómhair 2015) | 0 | 8,790 |
| **Tuarastal** | **143,040** | 92,356 |

Cuireadh deireadh le híocaíochtaí a bhain le feidhmíocht in 2010.

Chuaigh an Príomhfheidhmeannach, Conor O'Brien i mbun oifige ar an 1ú Deireadh Fómhair 2015 ar bhuntuarastal de €143,535 agus tá a theidlíochtaí pinsin faoi réir théarmaí Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí (féach Nóta 12).

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don Bhliain Airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2016

### An Phríomhfhoireann Bainistíochta

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Tuarastal Comhiomlán & Sochair Ghearrthréimhseacha** | **410,057** | 432,924 |

Tá teidlíochtaí pinsin an phríomhfhoirinn bhainistíochta i gcomhréir le téarmaí Mhúnla Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí (féach Nóta 12).

### Fostaithe – de réir líon na foirne sna bandaí tuarastail seo a leanas

Faoi réir na bhforálacha atá i gCiorclán 13/2014, baineann na líonta foirne seo a leanas le fostaithe a raibh an t-olltuarastal a íocadh leo sa bhliain laistigh den bhanda cuí:

| Réimse Tuarastail | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Ó – Go dTí** | | |
| 60,000-70,000 | 3 | 3 |
| 70,000-80,000 | 13 | 9 |
| 80,000-90,000 | 6 | 9 |
| 90,000-100,000 | 5 | 3 |
| 100,000-110,000 | 2 | 2 |
| 110,000-120,000 | 0 | 2 |
| 120,000-130,001 | 0 | 0 |
| 130,000 + | 1 | 0 |
| | **30** | 28 |

### Ranníocaíocht Pinsin an Fhostóra

| | 2016<br>€ | 2015<br>€ |
|---|---|---|
| Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí | **128,414** | 13,895 |
| Samhail Scéime | **969,176** | 1,017,527 |
| | **1,097,590** | 1,031,422 |

## 3(ii) Táillí agus Costais an Bhoird

| | 2016<br>€ | 2015<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí do Chomhaltaí an Bhoird | **80,370** | 80,370 |
| **De réir Comhalta Boird** | | |
| Dermot Divilly – Cathaoirleach | 20,520 | 20,520 |
| Walter Cullen | 11,970 | 11,970 |
| Dermot Gorman | 11,970 | 11,970 |
| John Lynch | 11,970 | 11,970 |
| Martin Naughton | 11,970 | 11,970 |
| Margot Slattery | 11,970 | 11,970 |
| | **80,370** | 80,370 |

Níor íocadh aon táillí leis na Comhaltaí Boird seo a leanas i rith 2016: Breda Power, Fionnuala O'Loughlin, Mick Stewart, Karen O'Leary agus Conor O'Brien mar gheall ar fheidhmiú an phrionsabail Duine Amháin Tuarastal Amháin.

Níor íocadh aon chostais a bhain leis an mBord i rith na bliana.

## 4 Costais Phróiseála Éileamh

| | 2016<br>€ | 2015<br>€ |
|---|---|---|
| Costais Ionad na Seirbhíse Seachfhoinsithe | **2,569,699** | 2,696,845 |
| Táillí Leighis a Bhain le hÉilimh | **8,033,708** | 6,911,626 |
| Costais Eile a bhain le hÉilimh | **172,536** | 116,483 |
| Costais a bhain le hÉilimh atá le nAisíoc | **(8,206,244)** | (7,028,109) |
| | **2,569,699** | 2,696,845 |

* Mar chuid den phróiseas (féach Nóta 2) coimeádann an Bord seirbhísí réimse de chleachtóirí gairmiúla lena n-áirítear dochtúirí teaghlaigh, comhairleoirí agus achtúirí. Ón bhfaisnéis a fhaightear faigheann na Measúnóirí Reachtúla an t-eolas is gá chun measúnú a dhéanamh ar dhamáistí. Athraíonn an leibhéal próiseála éileamh de réir gach éileamh. Mar gheall ar meán-amlíne an phróisis beidh costais phróiseála éileamh taibhithe in 2017 a bhainfidh le toilithe a fuarthas in 2016 agus níl na costais sin curtha ar fáil sna ráitis airgeadais. Aisíocann an freagróir na costais sin leis an mBord mar aon le costais eile a bhaineann le héileamh.

## 5 Caiteachas

### Costais Chóiríochta & Fhoirgníochta

| | 2016<br>€ | 2015<br>€ |
|---|---|---|
| Cíos, Rataí agus Táillí Seirbhíse | **328,207** | 309,724 |
| Glanadh agus Slándáil | **59,639** | 52,823 |
| Solas & Teas, Cothabháil agus Eile | **65,228** | 62,040 |
| Costais Scinceála (Nóta 11) | **59,951** | 0 |
| | **513,025** | 424,587 |

### Costais Earcaíochta, Oiliúna & Oideachais

| | 2016<br>€ | 2015<br>€ |
|---|---|---|
| Costais Oiliúna, Oideachais agus eile | **31,138** | 14,252 |
| Comhairleacht HR | **2,355** | 7,851 |
| Costais Fógraíochta, Agallamh agus costais earcaíochta eile | **6,142** | 42,692 |
| | **39,635** | 64,795 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don Bhliain Airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2016

## Costais Faisnéise, Taighde & Cumarsáide

| | 2016<br>€ | 2015<br>€ |
|---|---|---|
| Feasacht an Phobail | **166,004** | 154,077 |
| Fógraíocht – Eile | **43,076** | 78,852 |
| PR agus Comhairleacht Chumarsáide | **75,088** | 77,862 |
| Lipéid / Bróisiúir & Foilseacháin | **14,244** | 21,293 |
| | **298,412** | 332,084 |

## Táillí Dlí & Táillí Gairmiúla

| | 2016<br>€ | 2015<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí Staitistiúla agus Táillí Gairmiúla Eile | **100,976** | 94,691 |
| Táillí an Athbhreithnithe Oibríochtúil | **125,982** | 0 |
| Táillí ón Tacaíocht Soláthair | **31,911** | 0 |
| Táillí Comhairleachta TF | **58,784** | 31,577 |
| Táillí Comhairleachta Airgeadais | **4,244** | 6,888 |
| Táillí ón Iniúchadh Inmheánach | **26,180** | 15,817 |
| Táillí Iniúchóireachta | **13,500** | 16,500 |
| Táillí Ginearálta Comhairle Dlí | **61,209** | 133,710 |
| | **422,786** | 299,183 |

## Costais ón Athbhreithniú Breithiúnach

| | 2016<br>€ | 2015<br>€ |
|---|---|---|
| Foráil don Athbhreithniú Breithiúnach (Nóta 9) | **150,000** | 200,000 |
| Íoc na Forála don Athbhreithniú Breithiúnach | **0** | (198,318) |
| | **150,000** | 1,682 |

## Costais TF

| | 2016<br>€ | 2015<br>€ |
|---|---|---|
| Forbairt Bogearraí TF | **1,653** | 38,440 |
| Táillí Ceadúnais TF | **173,517** | 172,619 |
| Tacaíocht & Cothabháil TF | **207,554** | 126,330 |
| Tomhaltáin & Oiliúint TF | **2,245** | 0 |
| Seirbhís Bhainistithe Priontála | **24,481** | 22,351 |
| Costais Eile TF | **3,881** | 2,819 |
| Slándáil TF | **47,632** | 0 |
| | **460,963** | 362,559 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don Bhliain Airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2016

## Costais Ghinearálta Riaracháin

| | 2016<br>€ | 2015<br>€ |
|---|---|---|
| Postas | **402,325** | 376,268 |
| Taisteal & Cothabháil – Náisiúnta | **12,711** | 13,557 |
| Taisteal & Cothabháil – Idirnáisiúnta | **754** | 443 |
| Stáiseanóireacht Oifige | **31,236** | 35,687 |
| Árachais | **48,089** | 57,890 |
| Costais Ilghnéitheacha | **15,968** | 14,329 |
| Caiteachas a Bhaineann le Fostaithe | **6,736** | 7,037 |
| Ús Prasíocaíochta | **2,666** | 2,579 |
| (Laghdú)/Méadú san Fhorail d'Fhiacha Amhrasacha | **(22,171)** | 55,982 |
| Díscríobh Táillí Freagróirí | **46,000** | 31,850 |
| Díscríobh Táillí a Bhaineann le hÉilimh | **58,348** | 20,799 |
| | **602,662** | 616,421 |

* Áirithe sa chaiteachas a bhaineann le fostaíocht tá ranníocaíocht de €4,581 le Club Sóisialta Fhoireann an Bhoird, €1,450 d'ócáid Tógála Foirne agus €705 do chaiteachas eile a bhaineann leis an bhfoireann.

## 6 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

| | Feabhsúcháin Léis<br>€ | TF Crua-earraí/ Bogearraí<br>€ | Trealamh Oifige<br>€ | Daingneáin & Feistis<br>€ | Troscáin Oifige<br>€ | Iomlán<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas/Luacháil** | | | | | | |
| Ar an 1 Eanáir | 832,665 | 1,147,280 | 43,126 | 16,338 | 1,975 | 2,041,384 |
| Breiseanna | 0 | 91,808 | 0 | 0 | 1,889 | 93,697 |
| Diúscairtí | 0 | (33,514) | 0 | 0 | 0 | (33,514) |
| **Ar an 31 Nollaig** | **832,665** | **1,205,574** | **43,126** | **16,338** | **3,864** | **2,101,567** |
| | | | | | | |
| **Dímheas Carntha** | | | | | | |
| Ar an 1 Eanáir | 832,665 | 858,057 | 10,928 | 13,765 | 1,192 | 1,716,607 |
| Muirear | 0 | 111,262 | 8,625 | 672 | 306 | 120,865 |
| Diúscairtí | 0 | (33,514) | 0 | 0 | 0 | (33,514) |
| **Ar an 31 Nollaig** | **832,665** | **935,805** | **19,553** | **14,437** | **1,498** | **1,803,958** |
| | | | | | | |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | |
| **Ar an 31 Nollaig 2016** | **0** | **269,769** | **23,573** | **1,901** | **2,366** | **297,609** |
| Ar an 31 Nollaig 2015 | 0 | 289,223 | 32,198 | 2,573 | 783 | 324,777 |

## 7 Infháltais

### Suimeanna a bheidh dlite laistigh d'aon bhliain amháin

| | 2016<br>€ | 2015<br>€ |
|---|---|---|
| **Táillí Infhála** | | |
| Táillí Freagróirí | **900,600** | 1,203,650 |
| Táillí a Bhaineann le hÉilimh | **979,511** | 852,739 |
| Soláthar do Fhiacha Amhrasacha | **(183,024)** | (205,196) |
| Ús Infhála | **6,937** | 18,085 |
| Réamhíocaíochtaí | **159,070** | 165,540 |
| Féichiúnaithe Eile | **9,717** | 11,945 |
| | **1,872,811** | 2,046,763 |

Tá costas pinsin thriúr pinsinéirí PIAB íoctha ag an PIAB agus aisíoctha ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. D'íoc an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta go hiomlán as an gcostas in 2016 de €83,371 roimh dheireadh na bliana.

## 8 Iníocaíochtaí

### Suimeanna a bheidh dlite laistigh d'aon bhliain amháin

| | 2016<br>€ | 2015<br>€ |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe Trádála | **213,786** | 157,381 |
| Fabhruithe | **928,884** | 535,135 |
| Cánacha & Leas Sóisialach | **329,448** | 326,760 |
| Sochair Scoir | **182,019** | 167,009 |
| Creidiúnaithe Eile | **47,701** | 43,197 |
| | **1,701,838** | 1,229,482 |

## 9 Foráil do Dhliteanais – Athbhreithniú Breithiúnach

| | 2016<br>€ | 2015<br>€ |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | **728,207** | 875,459 |
| Foráil Bhreise (Nóta 5) | **150,000** | 200,000 |
| Úsáidte sa Bhliain | **(113,299)** | (148,934) |
| Cuntas Forálacha | **0** | (198,318) |
| Iarmhéid Deiridh | **764,908** | 728,207 |

Léiríonn na forálacha meastachán stuama de dhliteanais a d'fhéadfadh a teacht chun cinn do thríú páirtithe, maidir le caingne dlí a bheidh fógartha roimh dheireadh na bliana. Mar gheall ar an nádúr atá ina oibreacha, tá an Bhoird gafa le caingne éagsúla dlí, go príomha an t-athbhreithniú breithiúnach ar choda den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003.

Tá na forálacha bunaithe ar mheasúnacht de na costais dhóchúla i dtaca le gníomhaíochtaí aitheanta a chosaint go dtí an leibhéal ar féidir costais dá leithéid sin a mheas go hiontaofa. Áirithe sna toimhdí a rinneadh i measúnú an leibhéil chuí d'fhoráil tá na torthaí is dóichí a bheidh ar chaingne, ar threocht na gcostas dlí sa todhchaí (ár gcinn féin agus cinn tríú páirtí) agus an dáta measta a n-éistfear an caingean. Tá an Bord sásta go bhfuil an meastachán is fearr déanta aige ar an bhforáil chuí sna ráitis airgeadais don toradh is dóichí ach d'fhéadfadh an fhoráil a bheith faoi réir athbhreithnithe ó am go ham de réir mar a bheidh fáil ar bhreis eolais.

## 10 Dliteanas Teagmhasach

### Caingne Dlí

Mar atá ráite i Nóta 9, bíonn an Bord páirteach i gcaingne éagsúla dlí ó am go ham. Déanann an Bord foráil iomlán do na costais dlí a bhfuil súil leo i dtaca le cásanna atá curtha in iúl dó (Nóta 9). Is dóichí ná a mhalairt go gcuirfear roinnt cásanna breise in iúl don Bhord sa todhchaí i dtaca le cinntí a rinneadh roimh an 31 Nollaig 2016. Ní féidir a mheas cé na tionchair ionchasacha airgeadais a d'fhéadfadh éilimh den chineál sin a imirt.

## 11 Ceangaltais Airgeadais

### Léasanna oibriúcháin

Tá an Bord suite ar dhá urlár ag Teach Grain, Halla an Mhalartáin, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24. Tá an t-áitreabh ar léas ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus tá costas an léasa de €188,554 sa bhliain á iompar ag an mBord faoi thionóntacht béil. Tá an Bord ag feidhmiú faoi théarma léasa fiche bliain a thosaigh in Aibreán 2004.

Mar gheall ar oibreacha athchóirithe atá le déanamh in 2017, chuaigh an Bord i léas gearrthéarmach ag Ionad Gnó Broomhill, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 a rachaidh in éag i mBealtaine 2017. €20,000 an costas a bhí ar an léas sin.

| | 2016<br>€ | 2015<br>€ |
|---|---|---|
| Iníoctha laistigh d'aon bhliain amháin | **198,554** | 188,554 |
| Iníoctha laistigh de dhá bhliain go dtí cúig bliana | **754,216** | 754,216 |
| Iníoctha tar éis cúig bliana | **439,959** | 628,513 |
| | **1,392,729** | 1,571,283 |

Íocaíochtaí léasa oibriúcháin a aithníodh mar chaiteachas ab ea €200,554 (2015: €188,554)

## 12 Cóireáil Chuntasaíochta do Shochair Scoir

Feidhmíonn an Bord scéim pinsin le sochar sainithe dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Mhúnla na Seirbhíse Poiblí. Cheadaigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus an tAire Airgeadais an scéim fostaithe in 2008. Ceadaíodh an scéim do Chéilí agus Leanaí in 2009.

Tá roinnt tréithe sonracha ag an scéim:

- Íocann an Bord ranníocaíocht comhaontaithe leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.
- Tá an ranníocaíocht comhdhéanta de ghné an fhostaithe agus de ghé an fhostóra. Fostaithe atá faoi árachas iomlán do chúinsí PRSI déanann siad ranníocaíocht ag ráta 3.5% de ghlanluach saothair móide 3% den luach saothair. In 2016, ba é an ranníocaíocht a bhí ar an bhfostóir ná 25% den ollphá, 30% i gcás foirne ar PRSI Aicme B agus D.
- Tá tiomantas ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta le comhaontú ón Roinn Airgeadais, go seasfaidh an Státchiste costas na sochar de réir mar a bhíonn siad dlite.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don Bhliain Airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2016

## Luacháil Achtúireach

Rinne an Bord coimisiúnú ar luacháil achtúireach ar dhliteanais fhabhraithe ar dháta an chláir chomhordaithe, agus ar chostas na sochar (costas seirbhísí) a fabhraíodh i rith na bliana. Tá an luacháil seo, a bhí bunaithe ar mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid, bunaithe ar na toimhdí seo a leanas:

## Ráta Measta Bliantúil

| | 2016 | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| Ráta lascaine | **2.00%** | 2.70% | 2.20% |
| Toimhde boilscithe | **1.80%** | 1.80% | 1.80% |
| Méaduithe ar thuarastail | **3.05%** | 3.05% | 3.05% |
| Méaduithe ar phinsean Stáit | **2.30%** | 2.30% | 2.30% |
| Pinsin in arduithe íocaíochta | **2.55%** | 2.55% | 2.55% |

Lena chois sin, tá na toimhdí déimeagrafacha seo a leanas déanta ar an 31 Nollaig 2016.

| Ionchas saoil ag aois 65 | |
|---|---|
| Fir atá 45 bliain d'aois faoi láthair | **24.8 bliain** |
| Fir atá 65 bliain d'aois faoi láthair | **22.4 bliain** |
| Mná atá 45 bliain d'aois faoi láthair | **26.1 bliain** |
| Mná atá 65 bliain d'aois faoi láthair | **23.9 bliain** |

Bunaithe orthu sin thuas, is é luach reatha na ndliteanas ar dháta an chláir chomhardaithe ná €27,317,000 [2015: €21,209,000], agus is é an costas seirbhíse (bunaithe ar na toimhdí réamhléirithe) don bhliain ná €1,220,000 [2015: €1,386,000].

## Anailís ar chostais iomlána an tsochair scoir muirearaithe ar chaiteachais

| | 2016<br>€ | 2015<br>€ |
|---|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an fhostóra | **1,097,590** | 1,031,422 |
| Costas seirbhíse reatha | **1,220,000** | 1,386,000 |
| Costas úis | **572,000** | 516,000 |
| Costas seirbhíse san am atá caite | **0** | 0 |
| Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsin Iarchurtha Stáit | **(1,792,000)** | (1,902,000) |
| Iomlán muirearaithe ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | **1,097,590** | 1,031,422 |

* Áirithe sa Chostas Seirbhíse Reatha tá ranníocaíochtaí fostaithe de €199,783 san iomlán in 2016 agus €228,379 in 2015.

### Gluaiseacht i nglandliteanas sochair scoir

| | 2016 € | 2015 € |
|---|---|---|
| Glandliteanas Sochair Scoir ar 1 Eanáir | **21,209,000** | 22,877,000 |
| Costas Seirbhíse Reatha | **1,220,000** | 1,386,000 |
| Costas Úis | **572,000** | 516,000 |
| Costas seirbhíse san am atá caite | **0** | 0 |
| Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais scéime | **(117,000)** | (234,000) |
| Athrú ar an toimhdí | **4,516,000** | (3,132,000) |
| Sochar a íocadh i rith na bliana | **(83,000)** | (204,000) |
| Glandliteanas Pinsin ar 31 Nollaig | **27,317,000** | 21,209,000 |

### Stair na ndliteanas agus na (ngnóthachain)/gcaillteanais scéime

| | 2016 € | 2015 € |
|---|---|---|
| Athrú ar na toimhdí atá mar bhunús le luach reatha na ndliteanas scéime pinsin | **4,516,000** | (3,132,000) |
| % de dhliteanais ag deireadh na bliana | **16.50%** | 14.80% |
| (Gnóthachain)/caillteanais ó thaithí ar dhliteanais | **(117,000)** | (234,000) |
| % de dhliteanais ag deireadh na bliana | **(0.4%)** | (1.1%) |
| **Dliteanas scéime** | **27,317,000** | 21,209,000 |

## 13 Faisnéisithe Páirtithe Gaolmhara

Déan tagairt do Nóta 3, le do thoil, chun miondealú a fháil ar an luach saothair agus na sochair a íocadh leis an bpríomhfhoireann bainistíochta. Faoi réir an Chóid Cleachtais do Rialachas ar Chomhlachtaí Stáit Arna Leasú, tá Cóid Iompair Ghnó do Chomhaltaí Boird agus d'fhostaithe curtha i bhfearas ag an mBord. Áirithe sna cóid sin tá treoraíocht maidir le nochtadh leas ag comhaltaí Boird agus chloígh an Bord leis na gnáthaimh sin i rith na bliana atá clúdaithe ag na ráitis airgeadais seo. Níl aon idirbheartaíochta sa tréimhse a raibh leas ag na comhaltaí astu.

## 14 An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003

Faoi láthair, tá an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ag cur bailchríoch ar athbhreithniú reachtach ar an Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 agus ar Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) 2007.

## 15 Glacadh leis na Ráiteas Airgeadais

Ghlac an Bord leis na Ráitis Airgeadais ar an 25ú Bealtaine 2017.

# Aguisín

## Anailís Thíreolaíoch ar Éilimh

**Tábla 6.1 Miondealú ar Dhámhachtainí de réir Suímh (Bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora)**

| | 2016 Líon na nDámhachtainí | 2016 % de Dhámhachtainí | 2015 Líon na nDámhachtainí | 2015 % de Dhámhachtainí | 2014 Líon na nDámhachtainí | 2014 % de Dhámhachtainí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Poblacht na hÉireann | 12,658 | 97.6% | 11,440 | 97.6% | 12,128 | 97.6% |
| Tuaisceart Éireann | 199 | 1.5% | 168 | 1.4% | 194 | 1.6% |
| UK (seachas Tuaisceart Éireann) | 74 | 0.6% | 88 | 0.7% | 69 | 0.6% |
| An Chuid Eile Den Domhan | 35 | 0.3% | 38 | 0.3% | 29 | 0.2% |
| **IOMLÁIN** | **12,966** | **100.0%** | 11,734 | 100.0% | 12,420 | 100.0% |

**Tábla 6.2 Miondealú ar Chatagóirí Dámhachtainí de réir Suímh (Bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora)**

| | 2016 ML | 2016 EL | 2016 PL | 2016 Iomlán | 2015 ML | 2015 EL | 2015 PL | 2015 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Poblacht na hÉireann | 9,318 | 1,139 | 2,201 | 12,658 | 8,569 | 905 | 1,966 | 11,440 |
| Tuaisceart Éireann | 174 | 7 | 18 | 199 | 146 | 6 | 16 | 168 |
| UK (seachas Tuaisceart Éireann) | 53 | 1 | 20 | 74 | 74 | 4 | 10 | 88 |
| An Chuid Eile Den Domhan | 19 | 11 | 5 | 35 | 26 | 9 | 3 | 38 |
| **IOMLÁIN** | **9,564** | **1,158** | **2,244** | **12,966** | **8,815** | **924** | **1,995** | **11,734** |

**Tábla 6.3 Miondealú de réir Cúige ar Líon na nÍocaíochtaí (Bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora)**

| | 2016 ML | 2016 EL | 2016 PL | 2016 Iomlán | 2015 ML | 2015 EL | 2015 PL | 2015 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Baile Átha Cliath | 3,066 | 395 | 826 | 4,287 | 2,758 | 306 | 722 | 3,786 |
| An Chuid eile de Laighin | 2,288 | 331 | 501 | 3,120 | 2,098 | 262 | 393 | 2,753 |
| Connacht-Uladh* | 1,456 | 135 | 260 | 1,851 | 1,336 | 101 | 240 | 1,677 |
| Mumha | 2,508 | 278 | 614 | 3,400 | 2,377 | 236 | 611 | 3,224 |
| Lasmuigh de Stát | 246 | 19 | 43 | 308 | 246 | 19 | 29 | 294 |

* Contaetha na Poblachta


# Aguisín

**Fíor 3.1 Líon na nDámhachtainí de réir an Chontae**



# Aguisín

**Fíor 3.2  % de Dhámhachtainí de réir an Chontae**



# Aguisín

## Móriomlán na nDámhachtainí 2016

| Fíor 3.5 An Líon is Mó de Dhámhachtainí de réir Contae (Bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora) | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 4,287 |
| Corcaigh | 1,142 |
| Luimneach | 999 |
| Gaillimh | 540 |

| Fíor 3.6 An Líon is Lú de Dhámhachtainí de réir Contae (Bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora) | |
|---|---|
| Liatroim | 84 |
| Ros Comáin | 124 |
| Cill Chainnigh | 128 |
| Ceatharlach | 153 |

## Dámhachtainí do Dhliteanas Mótair 2016

| Fíor 3.7 An Líon is Mó de Dhámhachtainí ML de réir Contae (Bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora) | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 3,066 |
| Corcaigh | 849 |
| Luimneach | 749 |
| Gaillimh | 441 |

| Fíor 3.8 An Líon is Lú de Dhámhachtainí ML de réir Contae (Bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora) | |
|---|---|
| Liatroim | 68 |
| Cill Chainnigh | 94 |
| Ros Comáin | 94 |
| Ceatharlach | 103 |

## Dámhachtainí do Dhliteanas Fostóra 2016

| Fíor 3.9 An Líon is Mó de Dhámhachtainí EL de réir Contae (Bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora) | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 395 |
| Corcaigh | 89 |
| Cill Dara | 68 |
| Luimneach | 68 |

| Fíor 3.10 An Líon is Lú de Dhámhachtainí EL de réir Contae (Bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora) | |
|---|---|
| Liatroim | 4 |
| An Longfort | 8 |
| Ros Comáin | 8 |
| Sligeach | 10 |

## Dámhachtainí do Dhliteanas Poiblí 2016

| Fíor 3.11 An Líon is Mó de Dhámhachtainí PL de réir Contae (Bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora) | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 826 |
| Corcaigh | 204 |
| Luimneach | 182 |
| Cill Dara | 88 |

| Fíor 3.12 An Líon is Lú de Dhámhachtainí PL de réir Contae (Bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora) | |
|---|---|
| Liatroim | 12 |
| Muineachán | 18 |
| An Cabhán | 20 |
| Laois | 20 |

**An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta**

Bosca OP 8
Cloch na Coillte
Co. Chorcaí

www.injuriesboard.ie
Tel: 1890 829 121
Ó Thuaisceart Éireann agus ón RA: 0870 876 8121